Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

# Tuarascáil Bhliantúil 2022

# Clár Ábhar

**1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ........ 3**

**2. Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ........ 4**

**3. Cúlra agus Rialachas ........ 6**

3.1 Comhaltaí de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman 10

3.2 Freastal ar Chruinnithe Boird........10

3.3 Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman - 2022 11

3.4 Foireann Ardbhainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman ........13

**4. Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2022........ 14**

**5. Oideachas Bunleibhéil agus Oideachas Dara Leibhéal ........ 18**

**6. Breisoideachas agus Oiliúint ........ 19**

**7. Airgeadas........ 20**

**8. Cur Chun Feidhme na Spriocanna Straitéiseacha – 2022........ 21**

**Aguisín 1: Acrainmneacha........ 72**

# 1. Teachtaireacht ó Chathaoirleach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman




Mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman (an Bord Oideachais agus Oiliúna), tá lúcháir orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Oideachais agus Oiliúna don bhliain 2022 a chur i láthair. Leagtar amach sa Tuarascáil an dul chun cinn a rinneadh de réir mar a thángamar amach as paindéim dhomhanda Covid-19.

Ós rud é go raibh an bhliain 2022 ar an mbliain dheireanach den timthriall straitéiseach don Bhord Oideachais agus Oiliúna, chuamar i dteagmháil fhairsing lenár ngeallsealbhóirí chun cabhrú linn ár Ráiteas Straitéise don bhliain 2023-2027 a shainiú. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, leanann ár gcomhpháirtíochtaí agus ár gcomhoibriú de bheith ag dul ó neart go neart, agus dírímid ar an mBord Oideachais agus Oiliúna a leabú isteach sna pobail a bhfreastalaíonn sé orthu.

Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna tiomanta go fóill don fhoghlaimeoir a chur i gcroílár gach a ndéanann sé. Tá baill foirne ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le moladh ar a gcuid díograise agus iad ag iarraidh a chinntiú go bhfaighidh mic léinn agus foghlaimeoirí na deiseanna oideachais agus oiliúna is fearr is féidir. Leanaimid le hinfheistiú inár gcuid foirgneamh agus bonneagair a uasghrádú chun a chinntiú go mbeidh rochtain ag ár mic léinn agus ag ár bhfoghlaimeoirí ar na saoráidí is fearr is féidir.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis na comhaltaí eile de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman, lenár mbaill foirne agus leis an raon leathan geallsealbhóirí a rannchuidigh lenár n-eagraíocht thar an 12 mhí seo a chuaigh thart. Leis an Tuarascáil Bhliantúil seo, tugtar deis dúinn breathnú siar agus athmhachnamh a dhéanamh ar ár n-éachtaí. Táimid ag breathnú romhainn freisin, áfach, agus cuirimid fáilte roimh na deiseanna a thiocfaidh chun cinn thar an gcéad 12 mhí eile.

Le gach dea-ghuí,



## 2. Teachtaireacht ó Phríomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman



Fuaireamar dea-scéala maidir le paindéim Covid-19 i dtús na bliana 2022, tráth a cuireadh deireadh le roinnt srianta suntasacha sláinte poiblí a chuir an rialtas i bhfeidhm roimhe sin. Ba dhea-scéala é sin do mhic léinn, foghlaimeoirí aosacha agus baill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, a lean ar aghaidh le rochtain a sholáthar ar an oideachas agus an oiliúint le linn an dá bhliain roimhe, beag beann ar na srianta an-suntasach i ndáil le scaradh sóisialta, etc. Tugtar sa Tuarascáil Bhliantúil 2022 dea-léiriú ar an dóigh ar tháinig an Bord Oideachais agus Oiliúna chuige féin láithreach agus ar fhreagair sé ar bhealach dearfach don staid fheabhsaithe sin. Faoi thús na bliana acadúla nua i mí Mheán Fómhair, bhíomar i mbun 'gnó mar is gnách' an athuair. Bhí an chéad Ardteistiméireacht i bpearsa ón mbliain 2019 ar cheann amháin de na chéad mhórléirithe náisiúnta go raibh an gnáthshaol fillte ar ais.

Bhí an bhliain 2022 ar an mbliain dheireanach den chéad Ráiteas Straitéiseach 5 bliana riamh ón mBord Oideachais agus Oiliúna, rud a bhain leis an tréimhse 2018-2022. Leanadh leis an bplean sin a chur chun feidhme go mear, agus b'iontach an rud é gur cuireadh an chuid is mó den phlean chun feidhme agus gur baineadh a lán torthaí dearfacha eile amach, agus roinnt díobh á mbrú chun cinn ag an bpaindéim, go háirithe torthaí a bhaineann le feabhsuithe TF, foghlaim dhigiteach/foghlaim le cuidiú teicneolaíochta, foghlaim chumaisc agus cleachtais oibre, áit ar bhain líon suntasach ball foirne nach baill foirne túslíne iad leas as deiseanna 'obair ón mbaile'. I gcás a lán tionscnamh eile, ba iad baill foirne nuálacha i scoileanna, in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus in oifigí ar fud an dá chontae a bhrúigh chun cinn iad.

Ceanglaítear an méid seo a leanas le halt 28(1) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013:

Déanfaidh gach Bord Oideachais agus Oiliúna, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain, tuarascáil a ullmhú, a ghlacadh agus a chur faoi bhráid an Aire i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna i rith na bliana díreach roimh an mbliain ina ndéanfar an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, agus cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis dó nó di an tuarascáil a fháil, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

Leagtar amach go sonrach sa Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2022 an dóigh ar cuireadh na cúig sprioc straitéiseacha seo a leanas ón Ráiteas Straitéiseach chun feidhme le linn na bliana:

1. Cláir Oideachais agus Oiliúna ar Ardchaighdeán
2. Seirbhísí na hEagraíochta a Fhorbairt
3. Ár mBaill Foirne go léir a bheith ag Obair le Chéile
4. Comhpháirtíocht agus Comhoibriú
5. Cumarsáid

Sa bhliain 2022, cuireadh Creat Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i bhfeidhm go han-suntasach ar fud ár scoileanna agus leabaíodh an tÉiteas sin trí thuiscint níos fearr a thabhairt do mhic léinn agus do bhaill foirne araon ar na Croíluachanna do scoileanna Boird Oideachais agus Oiliúna, is iad sin: Sármhaitheas san Oideachas; Cúram; Comhionannas; Pobal; agus Meas. Rinne obair Fhoireann na Stiúrthóireachta Scoileanna, Lucht Ardbhainistíochta na Scoileanna, an Chomhordaitheora Éitis agus na bhFoirne um Éiteas Scoileanna rannchuidiú ollmhór maidir lenár nÉiteas Scoile a leabú isteach inár scoileanna. Rachaidh an tÉiteas sin ó neart go neart thar na blianta atá romhainn anois, agus é ag cur leis an mbród atá orainn as ár scoileanna agus leis na deiseanna a thugtar do mhic léinn inár bpobal sa timpeallacht státbhainistithe, il-sainchreidmheach agus comhoideachais ina bhfoghlaimíonn siad.

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar shaoráidí breisoideachais agus oiliúna a neartú sa bhliain 2022, go háirithe nuair a osclaíodh Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman, ar coláiste é atá ailínithe le straitéis SOLAS i ndáil leis an tsamhail um 'Choláiste na Todhchaí', agus nuair a forbraíodh mórshaoráid nua printíseachta in aice le hIonad Oiliúna Phort Láirge atá ann cheana, rud a chuireann an Bord Oideachais agus Oiliúna ar thús cadhnaíochta na freagartha náisiúnta don ghá leis an líon daoine atá ag gabháil do phrintíseachtaí ceirde ar fud na tíre a mhéadú.

Agus í ina comhpháirtíocht oideachais leis na húdaráis áitiúla sa dá chontae, lean Giniúint Ceoil le bláthú agus, sa bhliain 2022, thosaigh ár gceoltóirí óga ag taibhiú agus ag bláthú ar ardáin áitiúla agus ar ardáin náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

Ar leibhéal na heagraíochta, stiúir Foireann Ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, an Líonra Ardcheannaireachta Scoile, an Fhoireann Bhainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna agus an Fhoireann Oibríochtaí Feidhmiúcháin an eagraíocht ar an leibhéal feidhmiúcháin ar fud scoileanna, ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus oifigí. Rinne na grúpaí sin an Bord Oideachais agus Oiliúna a stiúradh agus a bhainistiú ar bhealach an-éifeachtach an athuair.

Leanamar le hobair i gcomhpháirt agus le comhoibriú go háitiúil le cuid mhór údarás áitiúil/réigiúnach, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí ardoideachais, pobail agus deonacha, leis an earnáil ghnó agus le grúpaí obair óige, i measc daoine eile. Is eol dúinn go rachaidh an comhoibriú sin chun tairbhe dár mic léinn/dár bhfoghlaimeoirí aosacha, agus féachaimid i gcónaí leis na caidrimh sin a fheabhsú agus a neartú.

Táimid buíoch dár bpríomh-mhaoinitheoirí, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, SOLAS, an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige. D'oibrigh siad go léir chun a chinntiú go bhfuil againn na hacmhainní a theastaíonn chun an beartas náisiúnta a chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Aithnímid an tacaíocht a fuaireamar ó thuismitheoirí agus ó chaomhnóirí a chuir a muinín ionainn chun oideachas a chur ar a mic agus a n-iníonacha. Tá sé ríthábhachtach dúinn go gcomhlíonfaimis an fhreagracht sin ar bhonn laethúil.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas le Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, atá faoi stiúir ag an gComh. Barbara-Anne Murphy, Cathaoirleach, agus ag an gComh. Lola O'Sullivan, Leas-Chathaoirleach, as an bhformhaoirseacht shaineolach a rinne sé, as an tacaíocht shaineolach a thug sé agus as an díograis a léirigh sé go leanúnach. Gabhaim buíochas freisin leis an roinnt mhaith coistí agus Bord Bainistíochta atá againn agus ar a mbraithimid go mór agus leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus lenár mbaill foirne as gach a ndéanann siad.

Kevin Lewis

Kevin Lewis
Príomhfheidhmeannach

## 3. Cúlra agus Rialachas

**Ár bhFís agus Ár Misean:**




**Is iad seo na croíluachanna a threoraíonn sinn le linn dúinn ár gcuid seirbhísí a sholáthar:**



## Ráiteas Straitéise

Lenár Ráiteas Straitéise, ar cheadaigh Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna é i mí na Bealtaine 2018, cuireadh bonn eolais faoi phleanáil amach anseo laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna don tréimhse 2018-2022 agus treoraíodh an obair sin. Forbraíodh an Ráiteas Straitéise tar éis próiseas cuimsitheach comhairliúcháin a sheoladh (i gcomhar le raon leathan geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha). Áiríodh leis an bpróiseas sin Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, boird bhainistíochta, baill foirne, mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí aosacha, leasanna gnó agus eacnamaíocha, fostóirí, údaráis áitiúla, institiúidí tríú leibhéal agus páirtithe leasmhara eile (féach an Achoimre Feidhmiúcháin sa Phlean Straitéiseach). Léiríodh go soiléir le linn an phróisis comhairliúcháin go mbíonn baill foirne agus geallsealbhóirí ag obair i dtreo sprioc choiteann, is é sin: timpeallacht chuimsitheach thacúil a fhorbairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí chun cabhrú leo barr a gcumais a bhaint amach. Gné lárnach dár bhfís a chomhlíonadh is ea cloí le prionsabail an ionracais agus an chomhionannais agus sinn ag obair agus ag déileáil le geallsealbhóirí. Rud bunúsach, creidimid gurb ann do chonair i dtreo foghlama do chách agus gur cheart an t-eispéireas oideachasúil a bheith ina eispéireas bunathraitheach do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. Tá ár Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2023-2027 á fhorbairt againn faoi láthair. Cuirfear an plean sin faoi bhráid Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna i mí Eanáir 2023 lena cheadú.

## Struchtúir Rialachais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna

Mar atá leagtha amach san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, is údarás áitiúil reachtúil oideachais agus oiliúna é an Bord Oideachais agus Oiliúna. Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna faoi rialú ag Bord a chuimsíonn aon chomhalta is fiche. Áirítear leo sin dháréag ionadaithe san iomlán ó Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus ó Chomhairle Contae Loch Garman; beirt chomhaltaí ar thogh an fhoireann iad; beirt ionadaithe do thuismitheoirí/caomhnóirí; agus cúigear comhaltaí a bhfuil saineolas acu ar an oideachas agus an oiliúint, lena n-áirítear ionadaí d'fhoghlaimeoirí agus ionadaí don lucht gnó. Tacaíonn an bord bainistíochta ar gach coláiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le hobair na heagraíochta freisin.

De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, bhunaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna dhá Choiste faoi alt 45 den Acht chun tacú lena chuid oibre. Is iad sin:

- An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca
- An Coiste Airgeadais

De réir na bhfeidhmeanna forchoimeádta atá leagtha amach in alt 12(i) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, chuir an Bord Oideachais agus Oiliúna roinnt Coistí i bhfeidhm faoi alt 44 den Acht chun tacú lena chuid oibre. Is iad sin:

- An Coiste Obair Óige
- Coistí Limistéir: Coiste Limistéir Chathair agus Chontae Phort Láirge; Coiste Limistéir Loch Garman Theas; agus Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh
- Coiste Ógtheagmhála

Oibríonn an Bord Oideachais agus Oiliúna de réir ailt 12 agus 13 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, i ndáil leis na feidhmeanna forchoimeádta a gcuireann an Bord i gcrích iad agus i ndáil leis na feidhmeanna feidhmiúcháin a gcuireann an fhoireann bhainistíochta i gcrích iad.

## Comhlíonadh

Ráiteas faoi Fhreagrachtaí an Bhoird: Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman an 1 Iúil 2013 faoi fhorálacha an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Ceanglaítear le halt 51 den Acht go gcoimeádfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna, i cibé foirm agus i leith cibé tréimhsí cuntasaíochta a cheadóidh an tAire Oideachais, le toiliú an Aire Airgeadais agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách ar an

airgead a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú aige, ceanglaítear ar an mBord na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta le haghaidh ráitis airgeadais Bhoird Oideachais agus Oiliúna a ullmhú a chur i bhfeidhm
(b) breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh
(c) aon imeachtaí ábhartha ó na beartais chaighdeánacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina gcuirtear staid airgeadais an Bhoird in iúl le cruinneas réasúnach aon tráth agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013. Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Measann an Bord go gcuirtear i láthair go cuí sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid gnóthaí an Bhoird.

Deimhníonn Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna an méid seo a leanas:

- Glacadh an Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú, rud a eisíodh sa bhliain 2019, agus comhlíonann an Bord Oideachais agus Oiliúna ceanglais nuashonraithe an Chóid ina chuid cleachtas agus nósanna imeachta rialachais.
- Cuireadh Tuarascáil rúnda ón gCathaoirleach maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh faoi bhráid an Aire. Rinneadh an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach, a bheidh faoi réir athrú go dtí go gcuirfear an t-iniúchadh seachtrach i gcrích, a chur ar áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus mar aguisín a ghabhann leis an Tuarascáil Chuimsitheach ón gCathaoirleach a cuireadh faoi bhráid an Aire.
- Rinneadh athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh don bhliain 2022.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go mbíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíon an Bord Oideachais agus Oiliúna na hoibleagáidí atá air faoin dlí cánach.
- Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird go mbítear ag cloí leis an mbeartas ábhartha soláthair agus leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair agus go ndearnadh Plean Soláthair Chorparáidigh a fhorbairt agus a chur chun feidhme
- Rinneadh measúnú ar na príomhrioscaí atá roimh an mBord Oideachais agus Oiliúna. Rinneadh mionsonraí faoi na rioscaí sin, nuair is cuí, agus faoi na bearta nó na straitéisí gaolmhara maolaithe a chur ar áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach atá mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh d'aon mhí ó iad a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

*Feidhmeanna Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:* Is feidhmeanna feidhmiúcháin nó feidhmeanna forchoimeádta iad na feidhmeanna atá ag an mBord. Is é nó í an Príomhfheidhmeannach a chuireann feidhmeanna feidhmiúcháin i gcrích agus is é an Bord a chuireann feidhmeanna forchoimeádta i gcrích. Tá feidhmeanna forchoimeádta leagtha amach in alt 12(2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus tá siad achoimrithe mar a leanas:

Is iad feidhmeanna ginearálta Boird Oideachais agus Oiliúna:
(a) scoileanna aitheanta, lárionaid oideachais agus saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
(b) nuair a ordóidh an tAire dó déanamh amhlaidh faoi alt 20:
(i) scoileanna aitheanta a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
(ii) lárionaid oideachais a bhunú agus a chothabháil ina limistéar feidhme,
(iii) lárionaid oideachais nó scoileanna aitheanta a chothabháil ina limistéar feidhme, agus
(iv) saoráidí oideachais nó oiliúna a bhunú, a chothabháil nó a acmhainniú ina limistéar feidhme,
(c) oideachas agus oiliúint, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint chun críocha fostaíochta, agus seirbhísí atá coimhdeach i ndáil leis an gcéanna a phleanáil, a sholáthar, a chomhordú, agus soláthar an chéanna a athbhreithniú ina limistéar feidhme:
(i) i scoileanna aitheanta nó i lárionaid oideachais arna gcothabháil aige,
(ii) i saoráidí oideachais nó oiliúna arna gcothabháil nó arna n-acmhainniú aige,
(iii) i scoileanna coinneála leanaí,

(iv) i bpríosúin, agus
(v) i saoráidí arna gcothabháil ag comhlachtaí seirbhíse poiblí eile,
(d) socruithe a dhéanamh le soláthraithe oideachais nó oiliúna agus seirbhísí tacaíochta a sholáthar dóibh de réir alt 22,
(e) scoláireachtaí a bhunú de réir alt 24,
(f) ráiteas straitéise a ghlacadh de réir alt 27,
(g) plean seirbhíse bliantúil a ghlacadh de réir alt 47,
(h) comhoibriú le haon chomhlacht a bheidh ainmnithe chun na feidhmeanna iniúchóireachta inmheánaí faoi alt 52 a chur i gcrích,
(i) oideachas agus oiliúint a sholáthar ar iarraidh ó aon chomhlacht, agus thar ceann aon chomhlacht, a dhéanann oiliúint a mhaoiniú as airgead arna sholáthar don chomhlacht sin ag an Oireachtas,
(j) tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme agus cibé faisnéis a iarrfaidh an tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i ndáil leis an tacaíocht sin a thabhairt, agus
(k) measúnú a dhéanamh i dtaobh an amhlaidh go bhfuil an modh ar a gcomhlíonann sé a chuid feidhmeanna barainneach, éifeachtúil agus éifeachtach.

Ina theannta sin, sonraítear san Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, feidhmeanna eile atá le comhlíonadh ag an mBord. Áirítear leo sin an Príomhfheidhmeannach a choinneáil cuntasach as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach maidir leis an mBord Oideachais agus Oiliúna a bhainistiú, de réir na reachtaíochta, de réir treoirlínte ón Roinn agus ó SOLAS, de réir na Straitéise agus an Phlean Cur Chun Feidhme ón Roinn Oideachais agus de réir an Phlean Seirbhíse.

Maidir le Príomhfheidhmeannach Boird Oideachais agus Oiliúna:
(a) déanfaidh sé nó sí feidhmeanna feidhmiúcháin an Bhoird a chomhlíonadh,
(b) soláthróidh sé nó sí don Bhord cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón mBord sin ó am go ham,
(c) soláthróidh sé nó sí don Aire cibé faisnéis maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a theastóidh ón Aire ó am go ham,
(d) beidh sé nó sí cuntasach don Bhord as a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go cuí.

## 3.1 Comhaltaí de Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

| **COMHALTAÍ DEN BHORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA** | |
|---|---|
| **Comhaltaí ar thogh Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge iad** | |
| An Comh. Lola O'Sullivan [Leas-Chathaoirleach] | An Comh. Pat Nugent |
| An Comh. Frank Quinlan | An Comh. Tom Cronin |
| An Comh. Cristíona Kiely | |
| **Comhaltaí ar thogh Comhairle Contae Loch Garman iad** | |
| An Comh. Barbara-Anne Murphy [Cathaoirleach] | An Comh. Aidan Browne |
| An Comh. Kathleen Codd-Nolan | An Comh. Leonard Kelly |
| An Comh. Mary Farrell | An Comh. Garry Laffan |
| An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin | |
| **Comhaltaí is Baill Foirne** | |
| Sandra Fogarty Uas. | An tUas. Richard Byrnes |
| **Comhaltaí is Tuismitheoirí** | |
| *Folamh* | *Folamh* |
| **Comhaltaí ar ainmnigh na Comhlachtaí atá Sonraithe iad** | |
| Mary Ryan Uas. | Cumann na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha/Comhchoiste Bainisteoirí Chumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta d'Oideachas Speisialta/Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na Leas-Phríomhoidí |
| An tUas. Pat Rath | Cónaidhm na hÉireann um Míchumas – AHEAD |
| An tUas. Senan Lillis | Comhdháil na gCeardchumann |
| Kate Miskella Uas. | Comhdháil na gCeardchumann |
| Margaret Darrer Uas. | Cónaidhm Óstán na hÉireann |

## 3.2 Freastal ar Chruinnithe Boird

| **Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Bhoird agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe – 2022** | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Comhalta Boird** | **Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu** | | | | | | | | **Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu** |
| | 11.01.22 | 22.02.22 | 29.03.22 | 10.05.22 | 28.06.22 | 13.09.22 | 8.11.22 | | |
| An Comh. Kathleen Codd-Nolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Comh. Mary Farrell | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | | 5/7 |
| An Comh. Barbara-Anne Murphy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Comh. Pat Nugent | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin | x | x | ✓ | x | ✓ | x | x | | 2/7 |
| An Comh. Lola O'Sullivan | x | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 5/7 |
| Mary Ryan Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| An Comh. Aidan Browne | x | x | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | | 3/7 |
| An tUas. Richard Byrnes | ✓ | x | ✓ | x | x | ✓ | x | | 3/7 |
| Sandra Fogarty Uas. | x | x | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | | 4/7 |
| An Comh. Leonard Kelly | x | ✓ | ✓ | x | x | x | ✓ | | 3/7 |
| An Comh. Gary Laffan | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/7 |
| An tUas. Senan Lillis | ✓ | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/7 |
| Kate Miskella Uas. | ✓ | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6/7 |
| An tUas. Pat Rath | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comh. Frank Quinlan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 7/7 |
| Margaret Darrer Uas. | ✓ | x | ✓ | ✓ | x | x | x | | 3/7 |
| An Comh. Tom Cronin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | | 6/7 |
| An Comh. Cristíona Kiely | x | x | ✓ | ✓ | x | x | ✓ | | 3/7 |

*Seasann ✓ do chruinnithe ar freastalaíodh orthu*
*Seasann x do chruinnithe nár freastalaíodh orthu/a bhfuarthas leithscéalta ina leith*

## 3.3 Coistí Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman - 2022

**Comhaltas den Choiste Airgeadais**

| | |
|---|---|
| An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. Denis McCarthy | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. David Doyle | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. John Murphy | Comhalta Seachtrach |
| Anita Power Uas. | Comhalta Seachtrach |
| Lynda Lacey Uas. | Comhalta Seachtrach |
| An Comh. Pat Nugent | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |

**Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Airgeadais agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe**

| Comhalta Coiste | Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu | | | | | Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 16.02.22 | 23.03.22 | 25.05.22 | 28.09.22 | 14.12.22 | |
| *Comhaltaí Seachtracha den Choiste:* | | | | | | |
| An tUas. Michael Veale (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. Denis McCarthy | x | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 4/5 |
| An tUas. David Doyle | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An tUas. John Murphy | ✓ | x | ✓ | x | ✓ | 3/5 |
| Anita Power Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| Lynda Lacey Uas. | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| *Comhaltaí den Choiste is comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna:* | | | | | | |
| An Comh. Pat Nugent | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | 4/5 |

*Seasann ✓ do chruinnithe ar freastalaíodh orthu*
*Seasann x do chruinnithe nár freastalaíodh orthu/a bhfuarthas leithscéalta ina leith*

**Comhaltas den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca**

| | |
|---|---|
| An Comh. Jim Moore (Cathaoirleach) | Comhalta Seachtrach |
| Elaine Sheridan Uas. (go mí an Mheithimh 2022) | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. Michael J. O'Ryan | Comhalta Seachtrach |
| An tUas. John Cuddihy | Comhalta Seachtrach |
| Susan Greene Uas. (ó mhí na Samhna 2022) | Comhalta Seachtrach |
| An Comh. Kathleen Codd-Nolan | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |
| An Comh. Lola O'Sullivan | Comhalta den Bhord Oideachais agus Oiliúna |

**Clár maidir le Freastal ar Chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus maidir le Minicíocht na gCruinnithe**

| Comhalta Coiste | Cruinnithe a Tionóladh/ar Freastalaíodh Orthu | | | | | Líon Iomlán Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 23.02.22 | 23.03.22 | 01.06.22 | 14.09.22 | 07.12.22 | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Comhaltaí Seachtracha den Choiste:* | | | | | | |
| An Comh. Jim Moore (Cathaoirleach) | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| Elaine Sheridan Uas. (go mí Iúil 2022) | ✓ | ✓ | x | ----- | ----- | 2/3 |
| An tUas. Michael J. O'Ryan | ✓ | x | ✓ | ✓ | ✓ | 4/5 |
| An tUas. John Cuddihy | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | x | 4/5 |
| Susan Greene Uas. (ó mhí na Samhna 2022) | ----- | ----- | ----- | ----- | ✓ | 1/1 |
| *Comhaltaí den Choiste is comhaltaí den Bhord Oideachais agus Oiliúna:* | | | | | | |
| An Comh. Kathleen Codd-Nolan | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 5/5 |
| An Comh. Lola O'Sullivan | x | ✓ | x | x | ✓ | 2/5 |

**Comhaltas de Choistí eile Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

**Coiste Ogtheagmhála**

An Comh. Pat Nugent (Cathaoirleach)
An Comh. Aidan Browne
An tUas. Brian Mulvihill
Andrea Watters Uas.
Kate Miskella Uas.
An Comh. Leonard Kelly
Gráinne O'Donoghue Uas.
An tUas. Alan Walsh
An Comh. Frank Quinlan

**An Coiste Obair Óige**

An Comh. Aidan Browne
An Comh. Pat Nugent
Alison Parle Uas.
An tUas. Ollie Breslin
Majella Finnegan Uas.
Sarah Dunleavy Uas.
An Comh. Garry Laffan
Julie Somers Uas.
Sheila Barrett Uas.
An tUas. Kieran Donohoe
An tUas. Conor Carberry
Megan Keating Uas.

**Coistí Limistéir Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman**

*Tacaíonn comhaltaí den fhoireann feidhmiúcháin leis na trí Choiste Limistéir de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna:*

Ionadaí don Fhoireann Ardbhainistíochta
Príomhoidí Iar-bhunscoileanna
Ionadaithe don Bhreisoideachas agus Oiliúint
Ionadaí do Sheirbhísí Óige

**Coiste Limistéir Chathair agus Chontae Phort Láirge**

An Comh. Lola O'Sullivan
An Comh. Frank Quinlan
Sandra Fogarty Uas.
Margaret Darrer Uas.
An Comh. Pat Nugent
Mary Ryan Uas.
An Comh. Tom Cronin
An Comh. Cristíona Kiely

**Coiste Limistéir Loch Garman Thuaidh**

An Comh. Mary Farrell
An Comh. Kathleen Codd-Nolan
An Comh. Aidan Browne
An tUas. Pat Rath
An Comh. Barbara-Anne Murphy
An Comh. Fionntán Ó Súilleabháin
An tUas. Senan Lillis


**Coiste Limistéir Loch Garman Theas**

An Comh. Garry Laffan
An tUas. Richard Byrnes
Kate Miskella Uas.
An Comh. Leonard Kelly

## 3.4 Foireann Ardbhainistíochta Bhord Oideachais agus Oiliúna Phort Láirge agus Loch Garman

| | |
|---|---|
| Príomhfheidhmeannach | An tUas. Kevin Lewis |
| Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta | An Dr Karina Daly |
| Stiúrthóir Scoileanna | Eimear Ryan Uas. |
| Stiúrthóir um Breisoideachas agus Oiliúint | An tUas. Ken Whyte (a chuaigh ar scor i mí Iúil 2022)<br>Lindsay Malone Uas. (a thosaigh i mí Lúnasa 2022)<br>An tUas. Alan O'Gorman - Gníomhach (Deireadh Fómhair 2022 - Aibreán 2023) |
| Bainisteoir Nuálaíochta agus Forbartha | An tUas. Michael O'Brien |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna (Cultúr agus Teagmháil) | Anne-Marie Jones Uas. |
| Bainisteoir Acmhainní Daonna (Oibríochtaí) | Sandra Murphy Uas. (a thosaigh i mí Iúil 2022) |
| Bainisteoir Seirbhísí Corparáideacha | An tUas. Fintan O'Reilly |
| Bainisteoir Airgeadais | An tUas. Owen O'Mahony |

# 4. Forbhreathnú ar Sheirbhísí – 2022



# Láthair na nIonad laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna




## Láithreacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2022

### Pobalscoil Náisiúnta

Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach, Loch Garman

### Iar-Bhunoideachas agus Oideachas Iar-Ardteistiméireachta

Coláiste Bhaile an Droichid, Co. Loch Garman

Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Co. Loch Garman

Coláiste Abbáin, Maigh Arnaí, Co. Loch Garman

Coláiste an Átha, Cill Mhucraise, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste na Craobhaí, Guaire, Co. Loch Garman

Coláiste Dhún Garbhán (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Pobail Inis Córthaidh, Co. Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Uí Chinnéide, Ros Mhic Thriúin, Co. Loch Garman

Meánscoil San Nioclás

Coláiste Sheilsceire, Baile Loch Garman (Oideachas Iar-Ardteistiméireachta san áireamh)

Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, Co. Phort Láirge

Coláiste Pobail Naomh Pól, Port Láirge

Coláiste Breisoideachais Phort Láirge *Oideachas Iar-Ardteistiméireachta Amháin

### Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna*

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Cheapach Choinn, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Dhún Garbhán, Port Láirge

Durands Court, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ghuaire, Loch Garman

An tSaotharlann Déantúsaíochta, Inis Córthaidh, Loch Garman

An tSaotharlann Déantúsaíochta, Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Choill Mhic Thomáisín, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

An Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh, Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Shráid Ozanam, Port Láirge

Ionad Oideachais Aosach Chearnóg an Iarnróid, Port Láirge

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin (atá lonnaithe i mBunscoil Naomh Mícheál), Loch Garman

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thrá Mhór, Port Láirge

Loch Garman (Breisoideachas agus Oiliúint, Oideachas Aosach)

Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Mhuilinn Bháin, Loch Garman

### Ionaid Oiliúna

Ionad Oiliúna Chill Chuacháin

Ionad Oiliúna Phort Láirge

Ionad Oiliúna Loch Garman

### Oideachas agus Oiliúint Allamuigh

Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin, Loch Garman

### Ionaid Ógtheagmhála

Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán, Port Láirge

Ionad Ógtheagmhála Inis Córthaidh, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ghuaire, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Ros Mhic Thriúin, Loch Garman

Ionad Ógtheagmhála Subla, Cathair Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Phort Láirge

Ionad Ógtheagmhála Loch Garman

### Oifigí Riaracháin

Ard Chaomháin, Loch Garman

Dún Garbhán, Port Láirge

Ionad Oiliúna Phort Láirge

### Pobalscoileanna (a bhfuil an Bord Oideachais agus Oiliúna mar chomhphátrún orthu)

Pobalscoil na hAbhann Duibhe, Lios Mór, Port Láirge

Pobalscoil Ghuaire, Loch Garman

Pobalscoil na Gráinsí, Loch Garman

* Is féidir go n-áireofar le hIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna cláir de chuid na Scéime Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) agus an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI), cláir Litearthachta Aosach agus cláir do Dhídeanaithe/Iarrthóirí tearmainn. Soláthraíonn an Bord Oideachais agus Oiliúna oideachas bunleibhéil trí Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála Chluain Aodha, Port Láirge, freisin.

# 5. Oideachas Bunleibhéil agus Oideachas Dara Leibhéal

### Rolluithe Bunleibhéil sa bhliain 2022

| Ainm na Scoile | Rolluithe amhail an 30/09/2022 |
|---|---|
| Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach | 42 |

### Rolluithe Coláiste sa bhliain 2022

| Ainm na Scoile | Rolluithe amhail an 30/09/2022 | |
|---|---|---|
| | An Dara Leibhéal | Iar-Ardteistiméireacht |
| Coláiste Bhaile an Droichid | 604 | 0 |
| Gairmcholáiste Bhun Clóidí | 262 | 0 |
| Coláiste Abbáin | 410 | 0 |
| Coláiste an Átha, Cill Mhucraise | 352 | 52 |
| Coláiste na Craobhaí | 996 | 0 |
| Coláiste Dhún Garbhán | 255 | 158 |
| Coláiste Pobail Inis Córthaidh | 425 | 127 |
| Coláiste Uí Chinnéide | 182 | 0 |
| Meánscoil San Nioclás | 130 | 0 |
| Coláiste Sheilsceire | 375 | 42 |
| Coláiste Pobail Naomh Déaglán | 826 | 0 |
| Coláiste Pobail Naomh Pól | 710 | 0 |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge | 0 | 604 |
| **Iomlán na Rolluithe Coláiste** | **5,527** | **983** |

### Ranganna Oíche sa bhliain 2022

| Líon Iomlán Mac Léinn Ranga Oíche: | Cúrsaí | Mic Léinn |
|---|---|---|
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge – Earrach na bliana 2022 | 12 | 160 |
| Coláiste Breisoideachais Phort Láirge – Fómhar na bliana 2022 | 10 | 100 |
| Dún Garbhán – Fómhar na bliana 2022 | 5 | 40 |
| Cill Mhucraise – Earrach na bliana 2022 | 1 | 75 |
| Cill Mhucraise – Fómhar na bliana 2022 | 1 | 48 |
| | **29** | **423** |

# 6. Breisoideachas agus Oiliúint

| Soláthar Clár Breisoideachais agus Oiliúna – Toradh sa bhliain 2022 | | |
|---|---|---|
| **Cláir** | **Iomlán na gCúrsaí** | **Foghlaimeoirí** |
| **Oideachas Pobail** | | |
| Oideachas Pobail | **449** | **4327** |
| **Cláir Lánaimseartha** | | |
| Oiliúint Printíseachta | 85 | 1402 |
| Oiliúint Chumaisc | 5 | 16 |
| Cúrsaí Oiliúna Bonnleibhéil agus Nasc-Chúrsaí Oiliúna | 13 | 112 |
| Ionaid Oiliúna Pobail | 23 | 220 |
| Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna | 33 | 328 |
| An Clár Iar-Ardteistiméireachta | 191 | 2029 |
| Soláthraithe Sainoiliúna | 16 | 138 |
| Oiliúint Scileanna Sonracha | 52 | 348 |
| Cúrsaí Oiliúna | 37 | 238 |
| An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais (VTOS) | 83 | 507 |
| Ógtheagmháil | 45 | 551 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn (Bealach 1) | 200 | 811 |
| **Iomlán na gClár Lánaimseartha** | **783** | **6,700** |
| Litearthacht Aosach (Tacaíocht do Phrintísigh) | 123 | 864 |
| Grúpaí Litearthachta Aosach | 613 | 2664 |
| Grúpaí an Tionscnaimh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) | 289 | 1751 |
| Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (ESOL) | 423 | 3495 |
| Oiliúint Oíche | 197 | 1024 |
| Uaireanta Comhoibrithe Breisoideachais agus Oiliúna | 4 | 148 |
| Athshocrú Dídeanaithe | 88 | 852 |
| Scileanna don Obair | 50 | 246 |
| Scileanna chun Dul Chun Cinn | 38 | 311 |
| **Iomlán na gClár Páirtaimseartha** | **1,825** | **11,355** |
| **Iomlán: Na Cláir Uile** | **3,057** | **22,382** |

# 7. Airgeadas

Nóta: Ráitis Airgeadais:

Tá an Ráiteas Airgeadais Bliantúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tráth fhoilsiú na Tuarascála Bliantúla don bhliain 2022. Foilseoidh an Bord Oideachais agus Oiliúna na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin ó cheadú a fháil ón Roinn Oideachais chun iad a fhoilsiú.

Tá sonraí airgeadais i ndáil leis na nithe seo a leanas ar áireamh sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil:

- Táillí nach mbaineann le Tuarastal a íocadh i leith comhaltaí Coiste, más ann;
- Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe;
- Sochair iarfhostaíochta, más ann;
- Sochair foirceanta, más ann;
- Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta;
- An líon fostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe sa raon idir €0 agus €59,999;
- An líon fostaithe a raibh a sochair iomlána fostaithe sa raon idir €60,000 agus €69,999 agus a tháinig faoi gach banda pá €10,000 os cionn an raoin sin; agus
- An figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin ón bhfostóir, más ann.

# 8. Cur Chun Feidhme na Spriocanna Straitéiseacha – 2022




**Spriocanna Straitéiseacha an Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

## Cur Chun Feidhme sa bhliain 2022

Sainaithníodh tosaíochtaí ar fud ceithre sprioc faoi bhun théarmaí an Chomhaontaithe Soláthar Feidhmíochta idir an Roinn Oideachais agus an Bord Oideachais agus Oiliúna. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sin:

1. Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú; 2. Tacaíocht Foirne; 3. Rialachas; 4. Cláir Chosanta.

Tá tosaíochtaí agus gníomhartha sonracha le haghaidh na tosaíochtaí sin a bhaint amach mionsonraithe sa tábla thíos:

| Sprioc 1 Eispéireas an Mhic Léinn/an Fhoghlaimeora a Bharrfheabhsú | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Toradh** |
| Eispéireas dearfach foghlama a sholáthar do gach foghlaimeoir, lena n-áirítear foghlaimeoirí ó ghrúpaí imeallaithe | - Leanfar le forbairt ghairmiúil leanúnach i bprionsabail Magenta a sholáthar go cianda. Díreofar ar chroífhoireann de Phríomhchleachtóirí Magenta a fhorbairt. Tabharfar cuireadh do rannpháirtithe ceachtanna a chur le Mol Digiteach Magenta. Leanfar le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití. Seolfar cruinnithe cianda idir Foireann Magenta agus an Comhordaitheoir Oideachais do gach scoil.<br>- Déanfar athbhreithniú ar na riachtanais oiliúna atá ag cúntóirí riachtanas speisialta.<br>- Cuirfear tionscadail bhonneagair ar aghaidh do roinnt mórthionscadal scoile, lena n-áirítear iar-bhunscoil nua i mBaile Loch Garman, Coláiste Bhaile an Droichid, Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Coláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, Meánscoil San Nioclás, Coláiste Pobail Naomh Pól i bPort Láirge, Coláiste Abbáin, Coláiste Uí Chinnéide agus Coláiste an Átha.<br>- Cuirfear ar aghaidh an chomhpháirtíocht atá ar bun le Comhairle Contae Loch Garman chun Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go Loch Charraig an Phoill ag Sliabh Fhothart, Loch Garman. | - Rinneadh ionadaíocht do gach scoil incháilithe (11 cheann as 12 cheann) ar an gcroífhoireann de Phríomhchleachtóirí Magenta agus d'fhreastail siad ar dhá sheisiún oiliúna i bpearsa le Mike Hughes i bhfómhar na bliana 2022. Tháinig méadú ar a mhéid a dhéantar acmhainní a chomhroinnt agus a uaslódáil ar na hardáin ábhartha.<br>- Ghabh Cúntóirí Riachtanas Speisialta i scoileanna do 30 uair an chloig d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach don bhliain acadúil 21/22.<br>- Cuireadh fáilte roimh mhic léinn ón Úcráin go scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ó mhí an Mhárta 2022.<br>- Coláiste an Átha – Cuireadh iarraidh ar bhuanchóiríocht faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>- Coláiste Abbáin – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh síneadh buan. Ceadaíodh foirgneamh modúlach mar réiteach eatramhach. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí chun an foirgneamh a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2023.<br>- Coláiste Bhaile an Droichid – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a.<br>- Gairmcholáiste Bhun Clóidí – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a – suiteáladh cóiríocht eatramhach (mhodúlach) chun an próiseas tógála a éascú.<br>- Coláiste Dhún Garbhán – Cuireadh tionscadal cóiríochta breise ar aghaidh.<br>- Coláiste Uí Chinnéide – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh cóiríocht bhreise.<br>- Meánscoil San Nioclás – Bhain tionscadal cóiríochta breise Céim 1b amach.<br>- Coláiste Pobail Naomh Déaglán – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú deisce ar an láithreán. Soláthrófar cóiríocht bhreise mar thionscadal modúlach sa bhliain 2023. |

| | | |
|---|---|---|
| | - Soláthrófar cistin oiliúna nua in Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhun Clóidí.<br>- Cuirfear feistí breise ar fáil d'fhoghlaimeoirí nuair a iarrtar iad.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Rochtain agus Cuimsiú Breisoideachais agus Oiliúna plean oibre a fhorbairt don Bhord Oideachais agus Oiliúna i gcomhairle le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.<br>- Leanfar le tacú le héiteas Gaeilge Mheánscoil San Nioclás agus lena rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. | - Coláiste Pobail Naomh Pól – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach idir an dá linn lena críochnú i bhfómhar na bliana 2023. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí.<br>- Coláiste Sheilsceire – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach lena críochnú i mí Mheán Fómhair 2023 – Críochnaíodh athbhreithniú Chéim 1 ar mhórthionscadal do scoil nua 1,000 mac léinn. Táthar ag feitheamh cinneadh ón Roinn Oideachais maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh.<br>- Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach – Bhí cóiríocht bhreise á tógáil lena críochnú i samhradh na bliana 2023.<br>- An Comh-Mhol – Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú sa dara ráithe den bhliain 2023.<br>- Techniform – Ionad Oiliúna Phort Láirge a shíneadh – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú ar bhonn céimnithe. Críochnófar céim 1 i samhradh na bliana 2023 agus críochnófar an tionscadal ar fad in earrach na bliana 2024.<br>- Mol Bia Bhun Clóidí – Tá obair ar siúl ar an tsaoráid nua chistine a sholáthar, rud atá le críochnú in earrach na bliana 2023.<br>- Ionad Oideachais Aosach Thrá Mhór – Léasaíodh cóiríocht bhreise chun socrú a dhéanamh do sheirbhís leathnaithe sa bhliain 2023.<br>- Tacaíodh le héiteas Gaeilge Mheánscoil San Nioclás agus lena rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.<br>- Tá feistiú na cistine i mBun Clóidí beagnach críochnaithe. |
| Curaclam leathan a sholáthar | - Cuirfear modúil de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun cinn mar ghearrchúrsaí féideartha.<br>- Déanfar suirbhé ar na gearrchúrsaí atá ar fáil inár gcuid scoileanna faoi láthair. | - Cuireadh cúrsaí i bhfeidhm i ngach Ionad Ógtheagmhála agus Scoil, agus oiliúint á cur ar mhúinteoirí agus ar theagascóirí. |
| Córais Dearbhú Cáilíochta a chur chun feidhme | - Ainmneofar ionadaí do mhúinteoirí ó scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun páirt a ghlacadh i ngearrchúrsa de chuid choiste ETBI do phátrúin. | - Ainmníodh ionadaí do mhúinteoirí ó scoil de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun páirt a ghlacadh i ngearrchúrsa de chuid choiste ETBI do phátrúin.<br>- D'fhreastail an múinteoir ainmnithe ar chruinnithe le ETBI agus phléigh sé/sí leis an bPobal Cleachtais um Éiteas.<br>- Soláthraíodh faisnéis do phríomhoidí scoile maidir leis an acmhainn ó ETBI le haghaidh |

| | | |
|---|---|---|
| | - Soláthrófar oiliúint sa Teagasc agus san Fhoghlaim do Bhoird Bhainistíochta.<br>- Déanfar cur chun feidhme ar na gníomhartha a d'eascair as an Athbhreithniú Institiúideach a rinne Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) le linn na bliana 2021. Déanfar athbhreithniú ar na moltaí agus ullmhófar plean cur chun feidhme. | Teagasc agus Foghlaim do Bhoird Bhainistíochta.<br>- Dréachtaíodh Plean Gníomhaíochta ina bhfuil gníomhartha ó Thuairisc Féinmheastóireachta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, moltaí ón bPainéal Athbhreithniúcháin Seachtrach agus aon Mhíreanna Plean Feabhsúcháin Cáilíochta atá fós amuigh. Cuireadh ar áireamh sa Phlean Gníomhaíochta clár rioscaí chun go bhféadfaí gníomhartha a chur in ord tosaíochta agus a phleanáil. |
| Tacú le mic léinn/foghlaimeoirí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta reatha | - Déanfaidh scoileanna DEIS tacaí a phleanáil agus a sholáthar de réir chreat DEIS. Soláthróidh gach scoil tacaí de réir na n-acmhainní a bheidh ar fáil.<br>- Déanfaidh an tOifigeach um Rochtain agus Cuimsiú Breisoideachais agus Oiliúna plean oibre a fhorbairt i gcomhairle le geallsealbhóirí. | - Lean scoileanna le hobair i dtreo na spriocanna atá leagtha amach sna pleananna DEIS/sna pleananna feabhsúcháin scoile uathu a chomhlíonadh. Rinneadh faireachán agus athbhreithniú ar phleananna DEIS, de réir mar is gá.<br>- Tá plean oibre um Rochtain agus Cuimsiú á fhorbairt, rud ina sainaithneofar gníomhartha agus torthaí faoin Oifig um Rochtain agus Cuimsiú. Tacaíonn sé sin leis an obair fhoriomlán Tacaíochta Acadúla i leith Tacaí d'Fhoghlaimeoirí. |
| Seirbhísí treorach agus comhairliúcháin a sholáthar | - Leanfar le dul i dteagmháil le Pobal Cleachtais na dtreoirchomhairleoirí.<br>- Soláthrófar treoir bhreise chun tacú leis an obair a dhéanann TUSLA san Oirdheisceart. | - Leanadh le teagmháil ar líne sa bhliain 2022, agus teagmháil aghaidh ar aghaidh á bogadh go dtí an bhliain 2023.<br>- D'fhreastail Comhairleoir Sinsearach Oiliúna an Aonaid um Sheirbhísí do Ghnó ar chruinnithe ráithiúla scoile de chuid Phobal Cleachtais na dTreoirchomhairleoirí.<br>- Tá Treoirchomhairleoir ó TUSLA á sholáthar ar bhonn trialach ó mhí Feabhra 2022 i leith. Oibríonn an Treoirchomhairleoir sin le Seirbhís Iarchúraim Phort Láirge agus Loch Garman agus soláthraíonn sé treoirchomhairleoireacht do dhaoine óga a bhfuil eispéireas acu le cúram. Cé go bhfuil sé lonnaithe ag Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Ros Mhic Thriúin, tá rochtain aige ar gach ceann dár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna chun gur féidir leis bualadh leis na daoine óga.<br>- Leabaíodh an Fhoireann Treorach Aosach isteach sa phobal breisoideachais agus oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman agus leanann sí le treoir a thabhairt d'fhoghlaimeoirí. |

| | | |
|---|---|---|
| Saoráidí foghlama/oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar | - Cuirfear tionscadail bhonneagair ar aghaidh do roinnt mórthionscadal scoile, lena n-áirítear iar-bhunscoil nua i mBaile Loch Garman, Coláiste Bhaile an Droichid, Gairmcholáiste Bhun Clóidí, Coláiste Pobail Naomh Déaglán i gCoill Mhic Thomáisín, Meánscoil San Nioclás, Coláiste Pobail Naomh Pól i bPort Láirge, Coláiste Abbáin, | - Coláiste an Átha – Cuireadh iarraidh ar bhuanchóiríocht faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>- Coláiste Abbáin – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh síneadh buan. Ceadaíodh foirgneamh modúlach mar réiteach eatramhach. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí chun an foirgneamh a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2023.<br>- Coláiste Bhaile an Droichid – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a.<br>- Gairmcholáiste Bhun Clóidí – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a – suiteáladh cóiríocht eatramhach (mhodúlach) |

| | | |
|---|---|---|
| | Coláiste Uí Chinnéide agus Coláiste an Átha.<br>- Cuirfear ar aghaidh an chomhpháirtíocht atá ar bun le Comhairle Contae Loch Garman chun Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go Loch Charraig an Phoill ag Sliabh Fhothart, Loch Garman.<br>- Soláthrófar cistin oiliúna nua san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna i mBun Clóidí.<br>- Cuirfear saoráid Ionad Ógtheagmhála Ghuaire i gcrích. | chun an próiseas tógála a éascú.<br>- Coláiste Dhún Garbhán – Cuireadh tionscadal cóiríochta breise ar aghaidh.<br>- Coláiste Uí Chinnéide – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh cóiríocht bhreise.<br>- Meánscoil San Nioclás – Bhain tionscadal cóiríochta breise Céim 1b amach.<br>- Coláiste Pobail Naomh Déaglán – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú deisce ar an láithreán. Soláthrófar cóiríocht bhreise mar thionscadal modúlach sa bhliain 2023.<br>- Coláiste Pobail Naomh Pól – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach idir an dá linn lena críochnú i bhfómhar na bliana 2023. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí.<br>- Coláiste Sheilsceire – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach lena críochnú i mí Mheán Fómhair 2023 – Críochnaíodh athbhreithniú Chéim 1 ar mhórthionscadal do scoil nua 1000 mac léinn. Táthar ag feitheamh cinneadh ón Roinn Oideachais maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh.<br>- Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach – Bhí cóiríocht bhreise á tógáil lena críochnú i samhradh na bliana 2023.<br>- An Comh-Mhol – Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú sa dara ráithe den bhliain 2023.<br>- Techniform – Ionad Oiliúna Phort Láirge a shíneadh – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú ar bhonn céimnithe. Críochnófar céim 1 i samhradh na bliana 2023 agus críochnófar an tionscadal ar fad in earrach na bliana 2024.<br>- Mol Bia Bhun Clóidí – Tá obair ar siúl ar an tsaoráid nua chistine a sholáthar, rud atá le críochnú in earrach na bliana 2023.<br>- Ionad Oideachais Aosach Thrá Mhór – Léasaíodh cóiríocht bhreise chun socrú a dhéanamh do sheirbhís leathnaithe sa bhliain 2023. |
| Oideachas allamuigh a chur chun cinn agus a fhorbairt | - Cuirfear ar aghaidh an chomhpháirtíocht atá ar bun le Comhairle Contae Loch Garman chun Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú go Sliabh Fhothart, Loch Garman. | - Rinneadh plé leanúnach ar Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin a athlonnú agus ar Theach Bád a fhorbairt ag Sliabh Fhothart. |

| | | |
|---|---|---|
| Pleanáil le haghaidh déimeagrafaic a bhíonn ag athrú | - Leanfar le dul i dteagmháil leis an Roinn Oideachais maidir leis na riachtanais bhreise bhuanchóiríochta atá ag scoileanna, mar atá sainaitheanta san anailís dhéimeagrafach, agus/nó maidir le heasnaimh foirgnimh.<br>- Soláthrófar iar-bhunscoil nua i Loch Garman chun freastal ar an éileamh.<br>- Saothrófar an togra le haghaidh Coláiste Pobail Naomh Pól a leathnú ina scoil 1000 mac léinn.<br>- Cuirfear síneadh le Coláiste Abbáin chun freastal ar líon méadaitheach rolluithe.<br>- Cuirfear síneadh le Coláiste Pobail Naomh Déaglán, Coill Mhic Thomáisín, chun freastal ar líon méadaitheach rolluithe. | - Ceadaíodh cóiríocht shealadach d'fhonn iarratais a dhéanamh ina dhiaidh sin ar bhuanchóiríocht chun freastal ar an líon méadaithe réamh-mheasta rolluithe i ngach ceann de na trí scoil.<br>- Rinneadh cumarsáid rialta leis an Roinn Oideachais maidir le tionscadail bhonneagair. |
| Dul i dteagmháil go héifeachtach le fostóirí | - Méadófar an líon de phrintísigh Chéim 2 in ionaid de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí thrí chúrsa sa bhreis a chruthú (tar éis comhairliúcháin). | - Bhí méaduithe suntasacha ann sa líon de phrintísigh Chéim 2, agus leanadh le freagairt agus pleanáil éigeandála do 20 cúrsa nua idir Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman agus Ionad sínte Oiliúna Phort Láirge. |
| Cláir cúrsaí oiliúna agus cláir phrintíseachta a fhorbairt agus a sholáthar | - Cuirfear tús le printíseacht gruagaireachta a sholáthar i gColáiste Pobail Inis Córthaidh. | - Cuireadh tús le printíseacht gruagaireachta a sholáthar i gColáiste Pobail Inis Córthaidh. |

| | | |
|---|---|---|
| A chinntiú go bhfuil na bearta uile um chumhdach leanaí i bhfeidhm, de réir na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 | - Déanfar athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích.<br>- Déanfar cigireachtaí cumhdaigh leanaí, lena gcabhrófar le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna.<br>- Cuirfidh príomhoidí scoile Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích.<br>- Déanfar athbhreithniú ar na cleachtais um chosaint leanaí atá ar bun in Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna.<br>- Cuirfear nósanna imeachta um Chumhdach Aosach chun feidhme ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | - Rinneadh athbhreithniú agus iniúchadh bliantúil ar an ráiteas um chumhdach leanaí agus cuirfear measúnuithe riosca gaolmhara i gcrích.<br>- Cigireachtaí cumhdaigh leanaí – leanadh ar aghaidh le cabhrú le faireachán a dhéanamh ar an bpróiseas atá i bhfeidhm i scoileanna.<br>- Tá Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí le cur i gcrích ag príomhoidí scoile trí úsáid a bhaint as an acmhainn a sholáthair ETBI do scoileanna.<br>- Coinníodh na caighdeáin atá i bhfeidhm ar bun. Rinneadh cigireachtaí cumhdaigh. Cuireadh Oiliúint do Bhoird Bhainistíochta sa Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí i gcrích.<br>- Ceapadh comhordaitheoir breisoideachais agus oiliúna um chosaint leanaí chun obair i gcomhar le hionaid ar mheasúnú riosca agus athbhreithniú ionadbhunaithe. |

| | | |
|---|---|---|
| Tús áite a thabhairt do STEM/STEAM i scoileanna | - Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le hobair i gcomhpháirt le Comhairle Contae Loch Garman chun féile WexSci a reáchtáil le linn Sheachtain na hEolaíochta.<br>- Forbrófar irisleabhar eolaíochta d'iar-bhunscoileanna, rud ina gcuimseofar tionscadail arna gcistiú mar chuid d'fhéile WexSci sna blianta 2020 agus 2021.<br>- Leanfar le rannpháirtíocht bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna araon a chothú sna Saotharlanna Déantúsaíochta in Inis Córthaidh agus i Ros Mhic Thriúin.<br>- Oibreoidh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun modúil a fhorbairt d'Ionaid Ógtheagmhála agus d'iar-bhunscoileanna maidir le bailiú agus sainaithint sonraí i ngnáthóg cladaigh agus fálta sceach.<br>- Bunófar Deontas Taighde Eolaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>- Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le hobair i gcomhpháirt leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta chun Plean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur i bhfeidhm.<br>- Oibreoidh an Bord Oideachais agus Oiliúna i gcomhpháirt le CALMAST do Sheachtain na hEolaíochta 2022.<br>- Tacóidh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis an obair a dhéanann CALMAST chun samhail moil agus braisle a fhorbairt le haghaidh | - Stiúir CALMAST féile Sheachtain na hEolaíochta i bPort Láirge agus i Loch Garman araon. Reáchtáladh cláir ar fud ár scoileanna agus ár nIonad Breisoideachais agus Oiliúna le linn Sheachtain na hEolaíochta.<br>- Soláthraíodh Deontas Taighde Eolaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta.<br>- Ghlac Saotharlann Déantúsaíochta Ros Mhic Thriúin páirt i Seachtain na hEolaíochta. Tá naisc láidre ag Saotharlann Déantúsaíochta Ros Mhic Thriúin le Coláiste Uí Chinnéide agus sholáthair sí ceardlanna blaiste do mhic léinn Idirbhliana.<br>- Leanadh le modúil a chur chun cinn ar fud scoileanna agus ionad.<br>- Dámhadh Deontais Taighde Eolaíochta an athuair sa bhliain 2022 (ceithre scoil, méadú ar an bhfigiúr don bhliain roimhe).<br>- D'fhoilsigh an Bord Oideachais agus Oiliúna an tIrisleabhar Eolaíochta d'Iar-bhunscoileanna.<br>- D'fhorbair Ionad Ógtheagmhála Dhún Garbhán modúil i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta.<br>- Scaip an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó cúrsa scileanna chun dul chun cinn Bealach 1 i Ros Mhic Thriúin. |

| | | |
|---|---|---|
| | rannpháirtíocht in STEM ar fud an Oirdheiscirt. | |
| Tacaí foghlama TFC ar ardchaighdeán a sholáthar i scoileanna/ionaid | - Déanfar Straitéis TFC a fhorbairt agus a chur chun feidhme don eagraíocht.<br>- Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú ar an Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta mar chuid den Straitéis TFC don Bhord Oideachais agus Oiliúna. | - Forbraíodh Straitéis TF mar chuid den Ráiteas Straitéise foriomlán don tréimhse 2023-2027.<br>- Forbraíodh Réaltacht Fhíorúil do ghnéithe de chúram sláinte i mí Mheán Fómhair 2022. |

| Sprioc 2: Tacaíocht Foirne | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Toradh** |
| Baill foirne a earcú agus a choinneáil | - Cuirfear struchtúr nua acmhainní daonna i bhfeidhm sa bhliain 2022, lena n-áirítear foireann Earcaíochta agus Ionduchtúcháin, agus beirt cheannairí foirne agus earcaitheoirí tiomnaithe ann.<br>- Tacófar leis an gcóras nua ríomh-Earcaíochta a dhearadh lena chur chun feidhme laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna i gcomhthráth leis an aistriú i dtreo seirbhísí comhroinnte Párolla.<br>- Déanfar clár ionduchtúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme don Bhord Oideachais agus Oiliúna.<br>- Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna lena chinntiú gur trí mheán na Gaeilge a sheolfar na próisis earcaíochta uile do Mheánscoil San Nioclás - is i nGaeilge a bheidh foirmeacha iarratais, doiciméid agallaimh agus litreacha leantacha tairisceana/diúltaithe agus a sheolfar painéil agallaimh. | - Cuireadh foireann athstruchtúrtha acmhainní daonna i bhfeidhm, agus foireann earcaíochta agus ionduchtúcháin ar bun (agus Ceannaire Foirne amháin ann). Tá Príomhoifigeach Cúnta i bhfeidhm i bpost nua, atá freagrach as Oibríochtaí Acmhainní Daonna.<br>- Cuireadh clár nua ionduchtúcháin do Chomhordaitheoirí Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna i bhfeidhm go rathúil. |
| Tacú le baill foirne gabháil d'fhorbairt ghairmiúil leanúnach | - Cuirfear beartas foghlama agus forbartha gairmiúla i bhfeidhm do gach ball foirne.<br>- Cuirfear conradh foghlama le haghaidh foghlaim agus forbairt ghairmiúil chun feidhme – cuirfear comhaontú sínithe i bhfeidhm idir an ball foirne agus an eagraíocht.<br>- Próiseálfar iarratais ar aisíocaíochtaí táillí. | - Cuireadh Beartas agus nósanna imeachta Foghlama agus Forbartha Gairmiúla i bhfeidhm.<br>- Próiseáladh iarratais ar aisíocaíochtaí táillí don bhliain 2022/2023.<br>- Cuireadh conarthaí Foghlama agus Forbartha Gairmiúla i bhfeidhm. |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Ceannaireacht ar ardchaighdeán a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus tacaíocht a thabhairt di | - Leanfar leis an gClár um Thacaíocht do Cheannaireacht Scoile. | - Chuir gach Foireann Ardcheannaireachta Scoile an clár i gcrích.<br>- Bunaíodh an clár ceannaireachta do Mheáncheannairí agus cuireadh i bhfeidhm é.<br>- Ghlac meáncheannairí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna páirt sa chéad Scoil Samhraidh do Mheáncheannairí, rud a reáchtáil ETBI in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh 2022. |
| Feasacht a chothú ar shláinte agus sábháilteacht | - Cuirfear clár Sláinte agus Sábháilteachta i bhfeidhm le haghaidh iniúchtaí ar Scoileanna agus ar Ionaid Bhreisoideachais agus Oiliúna sa bhliain 2022, agus próiseas á chomhaontú idir an fhoireann Foirgneamh, an fhoireann Sláinte agus Sábháilteachta agus an fhoireann Ardbhainistíochta maidir le gníomh leantach a dhéanamh i leith moltaí iniúchta agus i leith ábhair imní Sláinte agus Sábháilteachta.<br>- Cuirfear oiliúint do Fhreagróirí Garchabhrach agus do Mhaoir Shlándála agus oiliúint i Nósanna Imeachta Oibríochta Sábháilte i bhfeidhm.<br>- Comhlánófar Cláir Rioscaí do sheomraí praiticiúla i scoileanna.<br>- Forbrófar teimpléid nua Sláinte agus Sábháilteachta lena n-úsáid ag Bainisteoirí, lena n-áirítear foirm Thuairisce ar Thimpistí a thabhairt isteach agus Timpistí agus Neastimpistí a thaifeadadh.<br>Cuirfear Coistí Sláinte agus Sábháilteachta atá sonrach don láithreán i bhfeidhm. | - Cuireadh oiliúint i mBainistíocht Riosca i gcrích do mhúinteoirí ábhar praiticiúil.<br>- Eagraíodh agus soláthraíodh oiliúint do Fhreagróirí Garchabhrach agus do Mhaoir Shábháilteachta ó Dhóiteán. |

| | | |
|---|---|---|
| Timpeallacht oibre atá dearfach agus tacúil a sholáthar | - Forbrófar clár Folláine do bhaill foirne. | - Cuireadh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn i measc baill foirne.<br>- Tá Sláinte agus Folláine ar cheann amháin de na croíspriocanna sa Ráiteas Straitéise nua, agus seoladh ceardlanna chun scóip na hoibre a shainiú. |
| Tacú le folláine foirne | - Déanfaidh an Coiste Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa laistigh den Cheannoifig, Ard Chaomháin, iniúchadh ar a indéanta atá sé tionscnaimh a thabhairt isteach chun cultúr sláinte agus folláine ag an obair a leabú (e.g., Éadaí Neamhfhoirmeálta ar an Aoine; ranganna oíche áineasa a reáchtáil tríd an mBord Oideachais agus Oiliúna; grúpaí reatha, siúil agus ióga a reáchtáil ag am lóin; agus tathantóirí a shainaithint ag láithreacha éagsúla). | - Triaileadh roinnt tionscnamh i measc baill foirne ag an gCeannoifig chun an méid spéise a thomhas, lenar áiríodh imeachtaí sóisialta. |

| Sprioc 3: Rialachas | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Toradh** |
| Rátaí Freastail ar chruinnithe Boird | - Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | - Cuireadh béim ar an gceanglas freastail ag gach cruinniú Boird. |
| Féinmheasúnuithe Boird | - Agus leas á bhaint as an gceistneoir atá ar áireamh sa Chód Cleachtais, déanfar ceistneoir féinmheasúnaithe chun sainaithint a dhéanamh ar réimsí ina bhfuil feabhsuithe ag teastáil. | - Comhlánaíodh ceistneoir féinmheasúnaithe agus sainaithníodh aon réimsí lena bhfeabhsú. |
| Saineolas airgeadais ar choistí iniúchóireachta agus airgeadais | - Déanfaidh an bord ceapacháin chuig coistí iniúchóireachta agus airgeadais i gcomhairle le cathaoirligh na gcoistí. Roghnófar comhaltaí seachtracha de choistí chun na scileanna agus an taithí iniúchóireachta agus airgeadais a theastaíonn a chur leis an ról. | - Chuaigh comhaltaí nua isteach sa Choiste Airgeadais. |
| Breithmheas an Bhoird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca | - Soláthrófar tuarascálacha scríofa do chomhaltaí Boird ar obair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | - Soláthraíodh do chomhaltaí Boird tuarascálacha scríofa ón gCathaoirleach ar an gCoiste Airgeadais agus ón gCathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. |
| Féinmheasúnú ón gCoiste Airgeadais agus ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca | - Cuirfidh an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích gach bliain, mar a cheanglaítear faoin gCód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú. | - Chuir an Coiste Airgeadais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cleachtadh féinmheasúnaithe i gcrích. |

| | | |
|---|---|---|
| Forbairt Foirne | - Ceapfar Bainisteoir Airgeadais mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais.<br>- Déanfar anailís ar riachtanais oiliúna i réimse na bainistíochta airgeadais ar bhonn bliantúil. Forbrófar clár oiliúna i mbainistíocht airgeadais agus cuirfear chun feidhme é. | - Ainmníodh an Bainisteoir Airgeadais mar bhainisteoir oiliúna don fhoireann Airgeadais.<br>- Rinneadh anailís ar riachtanais oiliúna, go háirithe i ndáil leis an aistriú chuig seirbhísí comhroinnte párolla agus i ndáil le baill foirne nua a ionduchtú.<br>- Tacaíodh le héiteas Gaeilge Mheánscoil San Nioclás agus lena rannpháirtíocht sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta. |

| | | |
|---|---|---|
| | - Tar éis do cheathrar comhaltaí d'fhoireann ardbhainistíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna cúrsaí leibhéal 4 go leibhéal 6 de chuid Ghaelchultúr a chur i gcrích go rathúil, cuirfear an cúrsa ar fáil do bhaill foirne bhreise anois.<br>- Leanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le tacú le baill foirne teagaisc i Meánscoil San Nioclás trí thacaíocht airgeadais a thabhairt dóibh chun tabhairt faoi chúrsaí a bhaineann le hábhair a theagasc trí Ghaeilge. | |
| Spriocdhátaí tuairiscithe na Roinne | - Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn. | - Comhlíonadh na spriocdhátaí tuairiscithe. |
| Beartas Bainistíochta Riosca | - Dearfar próiseas chun sainaithint a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha a bhaineann le torthaí an eintitis a bhaint amach agus chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin. Tacóidh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le hobair an Bhoird ina leith sin. | - Cuireadh Cláir Rioscaí i bhfeidhm agus rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú rialta orthu. D'eisigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca tuarascáil chuig an mBord tar éis gach cruinnithe de chuid an Choiste. |
| Rialuithe Inmheánacha | - Gheobhaidh an Bord dearbhú leordhóthanach á rá go mbíonn rialuithe sonraithe á n-oibriú mar atá beartaithe. | - Shínigh gach Bainisteoir an Ráiteas faoi Rialuithe Inmheánacha agus eisíodh chuig an mBord é. |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| Struchtúir agus córais eagraíochta a fhorbairt chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta | - Oibreofar i gcomhar leis an Roinn Oideachais chun sainaithint a dhéanamh ar struchtúir eagraíochta is cuí don Bhord Oideachais agus Oiliúna chun freastal ar riachtanais athraitheacha na heagraíochta. | - Cuireadh athstruchtúrú na Rannóige Acmhainní Daonna i gcrích sular cuireadh Seirbhísí Comhroinnte Párolla chun feidhme. |
| Airgeadas agus riosca a bhainistiú go héifeachtach | - Cuirfear córais bhainistíochta riosca agus córais bhainistíochta airgeadais chun feidhme de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú agus de réir an chomhaontaithe atá i bhfeidhm leis an Roinn Oideachais. | - Cuireadh Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm.<br>- Cuireadh Cláir Rioscaí i bhfeidhm. |
| Acmhainní a úsáid go héifeachtúil | - Forbrófar creataí le haghaidh éifeachtúlacht a chinntiú i ndáil le hearraí agus seirbhísí a sholáthar. | - Cuireadh Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm. |

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach | - Forbrófar straitéis cumarsáide agus clár oibre gaolmhar don Bhord Oideachais agus Oiliúna, rud a bheidh ag teacht le straitéis na heagraíochta don tréimhse 2023-2027.<br>- Leanfar le húsáid na Gaeilge i gcumarsáidí a chur chun cinn, go háirithe i gcás cumarsáidí le Meánscoil San Nioclás | - Forbraíodh Straitéis Cumarsáide agus Margaíochta le linn an Ráiteas Straitéise foriomlán don tréimhse 2023-2027 a fhorbairt. |
| Comhaontuithe Seirbhíse a fhorbairt le geallsealbhóirí seachtracha | - Forbrófar meabhrán tuisceana le Comhairle Contae Loch Garman i ndáil leis an gcéim eatramhach d'aistriú an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh chuig Sliabh Fhothart agus i ndáil le saoráidí a fhorbairt ag an láthair nua. | - Síníodh meabhrán tuisceana idir an Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta agus UNECE. |
| Cosaint éifeachtach sonraí a chinntiú | - Soláthrófar oiliúint athnuachana do scoileanna agus d'ionaid ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. | - Cuireadh beartas agus nósanna imeachta um Chosaint Sonraí i bhfeidhm. |
| Dul i dteagmháil go héifeachtach le geallsealbhóirí agus comhpháirtíochtaí a fhorbairt | - Leanfar le dul i dteagmháil le hinstitiúidí Tríú Leibhéal i ndáil le deiseanna dul chun cinn d'fhoghlaimeoirí de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>- Rachfar i dteagmháil le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge maidir leis an acmhainneacht atá ann cúrsaí a thairiscint chun oiliúint múinteoirí cáilithe iar-bhunscoile a éascú. | - Leanadh leis an obair chun Comhaontú Dul Chun Cinn a fhorbairt le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt. Cuirfear an obair sin i gcrích sa bhliain 2023.<br>- Tá Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ag dul i dteagmháil le comhlachtaí iomchuí maidir le hoiliúint a sholáthar do mhúinteoirí cáilithe iar-bhunscoile. Leanann an Bord Oideachais agus Oiliúna le tacú leis an bpróiseas sin.<br>- Tá an Comhaontú Dul Chun Cinn le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt le cur i gcrích sa bhliain 2023.<br>- Thacaigh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis an teagmháil atá ar bun ag Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt le comhlachtaí iomchuí maidir le hoiliúint a sholáthar do mhúinteoirí cáilithe iar-bhunscoile.<br>- Tá an Príomhfheidhmeannach ina chomhalta d'Údarás Ceannais Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt ó bunaíodh an Ollscoil an 1 Bealtaine 2022.<br>- Tugadh láithreoireacht do Choiste Stiúrtha IBEC maidir leis an Ráiteas Straitéise, rud inar leagadh díriú ar leith ar thacú le hoiliúint scileanna. |

| | | |
|---|---|---|
| Cloí leis an dea-chleachtas i réimse an tsoláthair | - Cuirfear Plean Soláthair Chorparáidigh chun feidhme.<br>- Cuirfear próisis Oiliúna/Faisnéise/Tuisceana/Teagmhála i bhfeidhm ar aon dul leis an gcóras nua ó sholáthar go híoc.<br>- Treiseofar an beartas agus na freagrachtaí atá ar bhainisteoirí i ndáil le cleachtais chuí soláthair. | - Cuireadh Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm don bhliain 2022, agus ullmhaíodh Plean Ilbhliantúil Soláthair agus cuireadh faoi bhráid na hOifige um Sholáthar Rialtais é.<br>- Chuathas i dteagmháil rialta le baill foirne maidir leis an gcóras ó sholáthar go híoc le haghaidh nithe a ordú agus íocaíochtaí a dhéanamh le soláthraithe, agus cuireadh oiliúint orthu ina leith sin. |

| | | |
|---|---|---|
| Comhlíonadh ceanglas reachtúil agus rialála a chinntiú | - Soláthrófar seimineáir agus oiliúint Rialachais do na grúpaí seo a leanas: Bord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna; coistí Alt 45; coistí Alt 44; Boird Bhainistíochta; agus Bainisteoirí Sinsearacha laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna.<br>- Cuirfear béim an athuair ar an gceanglas go bhfreastalófaí ar gach cruinniú Boird, de réir an Chóid Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú.<br>- Comhlíonfar na spriocdhátaí tuairiscithe arna leagan síos ag an Roinn Oideachais. | - Tá oiliúint don Bhord, don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus don Choiste Airgeadais sceidealaithe do thús na bliana 2023.<br>- Meabhraíodh go rialta do chomhaltaí Boird nach mór dóibh freastal ar gach cruinniú Boird. Eagraíodh cruinnithe hibrideacha dóibh sin nach raibh in ann freastal ar chruinnithe aghaidh ar aghaidh.<br>- Comhlíonadh na spriocdhátaí tuairiscithe. |
| A chinntiú go gcomhlíontar na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 ina n-iomláine | - Cinnteofar go bhfuil scoileanna ar an eolas faoi na foirmeacha athbhreithnithe teimpléid atá le húsáid do nósanna imeachta um Chosaint Leanaí ó dheireadh mhí Eanáir 2022 i leith. | - Soláthraíodh an céanna do phríomhoidí scoile. |

| Sprioc 4: Cláir Chosanta | | |
|---|---|---|
| **Tosaíocht** | **Gníomh** | **Toradh** |
| Cúnamh a thabhairt don Roinn Oideachais, de réir mar is gá, freastal ar na riachtanais a eascróidh as Clár Cosanta Dídeanaithe na hÉireann agus ar an soláthar d'iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta | - Cuirfear struchtúr cuí bainistíochta i bhfeidhm san Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála. | - Cuireadh ábhair imní in iúl don Roinn Oideachais maidir leis an mbearna sa struchtúr bainistíochta. Rinne an Roinn Oideachais an chigireacht uaithi i mí an Mheithimh 2022. Deimhníodh sna fionnachtana agus sna moltaí na hábhair imní a cuireadh in iúl. Níor soláthraíodh aon acmhainní breise. Rinneadh roinnt coigeartuithe go háitiúil laistigh de na hacmhainní a bhí ar fáil.<br>- Tá plé leanúnach ar siúl leis an Roinn Oideachais maidir lena bhfuil i ndán do na seomraí ranga Bunscoile san Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála.<br>- Leanann an fhoireann breisoideachais agus oiliúna le bainistiú a dhéanamh ar an gClár Béarla agus Treoshuímh d'Aosaigh san Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála. |

# Sprioc Straitéiseach 1

***Oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar dár gcuid mac léinn agus foghlaimeoirí.*** *Bainfear an sprioc seo amach trí inrochtaineacht a chinntiú agus trí dheiseanna a thabhairt dár bpobal leas a bhaint as sármhaitheas sa teagasc agus san fhoghlaim.*

| **Tosaíocht Straitéiseach 1.1: Cláir oideachais agus oiliúna ar ardchaighdeán a sholáthar** | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 1.1.1 | Modhanna teagaisc agus foghlama atá nua-aimseartha agus forásach a leabú, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus teicneolaíochtaí foghlama cumaisc agus cleachtais mhúnlaitheacha teagaisc. | - Cuireadh Forbairt Ghairmiúil Leanúnach ar fáil do mhúinteoirí tríd an gclár um Prionsabail Magenta a sholáthar go cianda. Bogfar go hoiliúint i bpearsa ag deireadh na bliana 2022. Soláthraíodh oiliúint shaincheaptha bhreise do 'Phríomhchleachtóir Magenta' i ngach scoil. Rinneadh tuilleadh forbartha ar na hacmhainní atá ar fáil ar Mhol Digiteach Magenta. Bunaíodh Foireann Teagaisc agus Foghlama do gach scoil ar MS Teams.<br>- Leanadh le modúil de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta a chur i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: 1) Explore Your Shore de chuid Citizen Science; agus 2) Fálta Sceach le haghaidh Bhitheolaíocht agus Éiceolaíocht na hArdteistiméireachta.<br>- Thug an Comhordaitheoir Éitis láithreoireacht do Phobail Chleachtais ábhartha, amhail Treoirchomhairleoirí agus Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais.<br>- Comhordaíodh seachtain um *Chroíluachanna a Cheiliúradh* in iar-bhunscoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus i bPobalscoil Náisiúnta Chill na Manach.<br>- Baineadh úsáid mhéadaithe as haischlibeanna maidir leis na Croíluachanna ar gach leathanach Meán Sóisialta. Leabaíodh na Croíluachanna ar fud tionscnaimh eile scoile, amhail comórtais agus imeachtaí.<br>- Cuireadh Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim i bhfeidhm, agus é éigeantach do gach Teagascóir Litearthachta Aosach.<br>- Bunaíodh Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>Cuimsíonn an líonra roinnt Cleachtóirí a dhéanann ionadaíocht do chineálacha difriúla soláthair, príomhfheidhmeanna a bhaineann leis an soláthar breisoideachais agus oiliúna, amhail Foghlaim Dhigiteach, Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil, Rochtain agus Cuimsiú, |

| | | |
|---|---|---|
| | | agus córais TF, agus an Fhoireann Bhainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna. Bunaíodh Líonra Teagaisc, Foghlama agus Measúnaithe an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar fhreagairt don dúshlán a bhaineann le cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe a fheabhsú laistigh den soláthar breisoideachais agus oiliúna, chun tacú le cineálacha nuálacha cur chuige i leith an chéanna agus chun cultúr comhoibrithe, pobail chleachtais agus forbairt ghairmiúil ghníomhach a chur chun cinn agus a chothú. |
| 1.1.2 | Tacú le dea-chleachtas sa teagasc agus san fhoghlaim inár gcuid coláistí agus ionad uile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach. | - Leanadh le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach i bPrionsabail Magenta a sholáthar mar shamhail chumaisc. Chuir rannpháirtithe ceachtanna le Mol Digiteach Magenta. Leanadh le comhoibriú leis an bhFoireann Foghlama Digití.<br>Seoladh cruinnithe idir Foireann Magenta agus an Comhordaitheoir Oideachais do roinnt scoileanna. Forbraíodh póstaeir acmhainne lena n-úsáid i scoileanna. |
| 1.1.3 | Struchtúr a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna do ghréasáin atá sonrach don ábhar, áit ar féidir le múinteoirí comhoibriú lena chéile chun acmhainní foghlama agus teagaisc a fhorbairt, chun tuairisceoirí cúrsa/ábhair a léirmhíniú agus chun smaointe, réitigh agus acmhainní a chomhroinnt. | - Leanadh leis na Pobail Chleachtais do na daoine seo a leanas orthu ag oibriú go cianda agus, i roinnt cásanna, i bpearsa.<br>➢ Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais<br>➢ Treoirchomhairleoirí<br>➢ Múinteoirí Eolaíochta<br>➢ Múinteoirí Eacnamaíochta Baile<br>➢ Múinteoirí Ealaíne<br>➢ Múinteoirí Corpoideachais<br>➢ Príomhchleachtóirí Magenta<br>➢ Comhordaitheoirí Idirbhliana<br>➢ Comhordaitheoirí na hArdteistiméireachta Feidhmí<br>- Ghlac treoirscoileanna (Coláiste Pobail Naomh Pól agus Coláiste an Átha) páirt i dTionscnamh ETBI um Chóitseáil Cuimsithe/Léarscáiliú Soláthair.<br>- Bunaíodh grúpa ar MS Teams do mhúinteoirí Béarla mar Theanga Bhreise.<br>- Bunaíodh Foirne Teagascóirí ar Office 365 do chleachtóirí Litearthachta Aosach agus do chleachtóirí ESOL araon chun gur féidir leo acmhainní agus an dea-chleachtas a chomhroinnt. |
| 1.1.6 | Féachaint le méadú a dhéanamh ar an nglacadh le hábhair STEM i gcoláistí, ar aon dul leis an tosaíocht atá sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas ón Roinn Oideachais agus Scileanna. | - Stiúir CALMAST Féile Sheachtain na hEolaíochta i bPort Láirge agus i Loch Garman araon.<br>- Reáchtáladh cláir ar fud ár scoileanna agus ár nIonad Breisoideachais agus Oiliúna le linn Sheachtain na hEolaíochta.<br>- Soláthraíodh Deontas Taighde Eolaíochta de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna mar chuid de Sheachtain na hEolaíochta.<br>- Cuireadh modúil de chuid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta i bhfeidhm sna réimsí seo a leanas: 1) |

| | | |
|---|---|---|
| | | Explore Your Shore de chuid Citizen Science; agus 2) Fálta Sceach le haghaidh Bhitheolaíocht agus Éiceolaíocht na hArdteistiméireachta. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Leanadh leis an Deontas Taighde Eolaíochta do Scoileanna a chur ar fáil. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.1.7 | Saoráidí atá nua-aimseartha, ar ardchaighdeán agus oiriúnach don fheidhm a sholáthar do mhic léinn, d'fhoghlaimeoirí agus do bhaill foirne agus, ar an mbealach sin, acmhainní a uasmhéadú agus tacú le deiseanna dul chun cinn. | - Coláiste an Átha – Cuireadh iarraidh ar bhuanchóiríocht faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>- Coláiste Abbáin – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh síneadh buan. Ceadaíodh foirgneamh modúlach mar réiteach eatramhach. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí chun an foirgneamh a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2023.<br>- Coláiste Bhaile an Droichid – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a.<br>- Gairmcholáiste Bhun Clóidí – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a – suiteáladh cóiríocht eatramhach (mhodúlach) chun an próiseas tógála a éascú.<br>- Coláiste Dhún Garbhán – Cuireadh tionscadal cóiríochta breise ar aghaidh.<br>- Coláiste Uí Chinnéide – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh cóiríocht bhreise.<br>- Meánscoil San Nioclás – Bhain tionscadal cóiríochta breise Céim 1b amach.<br>- Coláiste Pobail Naomh Déaglán – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú deisce ar an láithreán. Soláthrófar cóiríocht bhreise mar thionscadal modúlach sa bhliain 2023.<br>- Coláiste Pobail Naomh Pól – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach idir an dá linn lena críochnú i bhfómhar na bliana 2023. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí.<br>- Coláiste Sheilsceire – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach lena críochnú i mí Mheán Fómhair 2023 – Críochnaíodh athbhreithniú Chéim 1 ar mhórthionscadal do scoil nua 1000 mac léinn. Táthar ag feitheamh cinneadh ón Roinn Oideachais maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh.<br>- Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach – Bhí cóiríocht bhreise á tógáil lena críochnú i samhradh na bliana 2023.<br>- An Comh-Mhol – Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú sa dara ráithe den bhliain 2023.<br>- Techniform – Ionad Oiliúna Phort Láirge a shíneadh – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú ar bhonn céimnithe. Críochnófar céim 1 i samhradh na bliana 2023 agus críochnófar an tionscadal ar fad in earrach na bliana 2024. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Mol Bia Bhun Clóidí – Tá obair ar siúl ar an tsaoráid nua chistine a sholáthar, rud atá le críochnú in earrach na bliana 2023.<br>- Ionad Oideachais Aosach Thrá Mhór – Léasaíodh cóiríocht bhreise chun socrú a dhéanamh do sheirbhís leathnaithe sa bhliain 2023.<br>- Sainaithníodh áitreabh don tSaotharlann Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge, agus rinneadh iarratas ar cheadú le haghaidh léas a chomhaontú. |
| 1.1.8 | A chinntiú go mbeidh an bonneagar TFC is airde cáilíocht i bhfeidhm, lena n-áirítear leathanbhanda ardluais, líonraí gan sreang, stóráil néalbhunaithe, agus prótacail agus beartais um úsáid Idirlín. | - Tá obair ar siúl chun slándáil agus sláine ár líonraí TF agus ár mbonneagair TF a chothabháil, a chosaint agus a fheabhsú chun tacú le hoideachas ar ardchaighdeán a sholáthar.<br>- Forbraíodh Straitéis TF ardleibhéil sa bhliain 2022 ar aon dul leis an Ráiteas Straitéise 2023-2027. |

| Tosaíocht Straitéiseach 1.2: Rochtain do gach foghlaimeoir a chur chun cinn agus a fhothú | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 1.2.1 | Díriú ar rochtain agus forbairt a dhéanamh ar straitéisí lena laghdaítear bacainní ar rannpháirtíocht san oideachas agus san oiliúint agus lena gcinntítear comhionannas deiseanna do gach foghlaimeoir. | - Comhaontaíodh léas agus cuireadh tús leis an tsamhail um Choláiste na Todhchaí a fheistiú i mBaile Loch Garman. Táthar ag súil leis go gcríochnófar an obair sin i samhradh na bliana 2023.<br>- Lean Pobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais agus an Fhoireann Foghlama Digití orthu ag comhoibriú lena chéile chun coinneáil ar an eolas faoi na huirlisí inrochtaineachta atá ar fáil laistigh de shraith MS Office. Scaipfidh an fhoireann Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais faisnéis faoin gcéanna ar a scoileanna. Scaipeadh faisnéis agus an t-eolas is deireanaí faoi na huirlisí inrochtaineachta atá ar fáil do scoileanna, lena n-áirítear tríd an Nuachtlitir Foghlama Digití.<br>- Imscrúdaíodh na roghanna atá ann socrú a dhéanamh do mhic léinn idir 12 bhliain d'aois agus 14 bliana d'aois a tharraing siar as an scoil. Cé go raibh sé beartaithe treoirthionscadal a reáchtáil i mBaile Loch Garman sa bhliain 2022, níor cheadaigh an Roinn Oideachais ná an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta aon chistiú ina leith.<br>- Chuathas i dteagmháil le gníomhaireachtaí seachtracha maidir le Seachaint Mhothúchánbhunaithe Scoile.<br>- Leanadh le hobair i gcomhar le Forbairt Áitiúil Loch Garman ar chlár rianaithe do mhic léinn i limistéar Inis Córthaidh, rud ar a dtugtar Elevate. Leanann an Stiúrthóir Scoileanna le cathaoirleacht a dhéanamh ar an ngrúpa sin.<br>- Rinneadh athbhreithniú ar na riachtanais atá ag cúntóirí riachtanas speisialta agus ag comhordaitheoirí riachtanas speisialta oideachais. Rinneadh forbairt ghairmiúil leanúnach a fhoinsiú agus/nó a sholáthar, rud atá sonrach do riachtanais na ndaoine seo agus a théann chun tairbhe do na foghlaimeoirí atá faoina gcúram.<br>- Ceapadh oifigeach um rochtain agus cuimsiú.<br>- Cuireadh Beartas um Shocruithe Réasúnacha i bhfeidhm d'Fhoghlaimeoirí faoi Mhíchumas, agus tá an cistiú do chláir pháirtaimseartha (agus do chláir nach gcáilíonn don chiste náisiúnta do mhic léinn faoi mhíchumas) i bhfeidhm. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.2.2 | Méadú a dhéanamh ar an líon cúrsaí oiliúna ábhartha agus ar an líon printíseach atá ag gabháil don oiliúint de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí dhul i dteagmháil mhéadaithe leis an lucht gnó agus tionscail áitiúil agus le comhlachtaí reachtúla. | - Bhí méadú suntasach ann sa soláthar printíseachtaí reachtúla, ó 25 cinn go 67 gcinn. Thacaigh an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó le fostóirí agus le printísigh ina leith sin.<br>- Cuireadh tús le forbairtí tógála i bPort Láirge agus i Loch Garman araon ag deireadh na bliana 2022, ar dá mbarr a thiocfaidh méadú ar an líon printíseach a fhaigheann oiliúint. |

| | | |
|---|---|---|
| 1.2.4 | Obair i gcomhar le treoirchomhairleoirí coláiste agus aosach chun feasacht a mhéadú ar na deiseanna atá ar fáil san oideachas tríú leibhéal agus sa bhreisoideachas agus oiliúint. | - Tugadh cuireadh do bhaill foirne a bhfuil baint acu le printíseachtaí láithreoireacht a thabhairt do ghrúpaí tábhachtacha amhail Treoirchomhairleoirí.<br>- Lean an Comhairleoir Sinsearach Oiliúna agus an Comhordaitheoir Oideachais le hidirchaidreamh a dhéanamh lena chéile chun tuilleadh deiseanna comhoibríocha a chruthú.<br>- Ailíníodh comhairleoirí sinsearacha oiliúna an Aonaid um Sheirbhísí do Ghnó le gach iar-bhunscoil agus le gach ionad breisoideachais agus oiliúna ar fud Phort Láirge agus Loch Garman. |
| 1.2.6 | Ar aon dul leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020 agus leis an Straitéis um Fhoghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta 2016-2019, teagasc agus foghlaim le cuidiú teicneolaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta agus féachaint le sainaithint a dhéanamh ar réimsí inar féidir leis an teagasc teicneolaíochtchumasaithe agus leis an bhfoghlaim theicneolaíochtchumasaithe bacainní a laghdú ar rannpháirtíocht. | - Cuireadh tús le hobair sa bhliain 2022 ar ardán réaltachta fíorúla a sholáthar do chúram sláinte chun feabhas a chur ar ár dtairiscint.<br>- Comhtháthaíodh réaltacht fhíorúil isteach sa chúrsa iarfheistithe de chuid an Fhoirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh. Rinne City & Guilds dearbhú cáilíochta ar an gcúrsa.<br>- Cuireadh tús leis an obair ar Shaotharlann Déantúsaíochta a sholáthar i bPort Láirge Thiar.<br>- Tugadh tacaíocht lárnach do scoileanna chun cabhrú le múinteoirí an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní teicniúla atá ar fáil. |
| 1.2.7 | Cur chuige cleachtais aisiríoch a thabhairt isteach i leith bainistíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna coinbhleachta agus achrannacha a thagann chun cinn i gcoláistí agus in ionaid. | - Cuireadh cur chuige Cleachtais Aisiríoch chun feidhme i roinnt scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Soláthraíodh tuilleadh roghanna Forbartha Gairmiúla Leanúnaí, lenar áiríodh cúrsa nua ar líne trí Chomhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman. |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| 1.2.8 | Comhionannas deiseanna, eispéireas agus torthaí a chinntiú d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu, a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nó atá faoi mhíchumas, ionas gur féidir leo leas a bhaint as an raon iomlán deiseanna oideachais agus oiliúna atá ar fáil ón mBord Oideachais agus Oiliúna. | - Tairgeadh tacaíocht leanúnach do Chomhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais le linn dóibh cur chun feidhme a dhéanamh ar na Treoirlínte d'Iar-bhunscoileanna dar teideal Tacú le Mic Léinn i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu. Tacaíodh le cigireachtaí a dhéanamh orthu sin a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu agus athbhreithníodh na moltaí ina leith sin.<br>- Tá obair ar siúl le Comhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais agus le scoileanna chun tacú le rochtain mhéadaithe ar shaoráidí Riachtanas Speisialta Oideachais i gColáiste Uí Chinnéide, i gColáiste na Craobhaí agus i gColáiste Abbáin.<br>- Tugadh tacaíocht chun na moltaí a rinneadh i dtuarascálacha maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais a chur chun feidhme.<br>- Osclaíodh Ranganna Speisialta nua i gColáiste na Craobhaí agus i gColáiste Sheilsceire. Chuathas i dteagmháil leis an gComhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais agus leis an Roinn Oideachais maidir le pleanáil don soláthar i gColáiste Abbáin. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Thug an Comhordaitheoir Oideachais faoi oiliúint mar Chóitseálaí Cuimsithe i gcomhar le ETBI. Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar an nGrúpa Tosaíochta Straitéisí um Chuimsiú (ETBI). Bhí dhá threoirscoil páirteach (Coláiste an Átha agus Coláiste Pobail Naomh Pól).<br>- Scaipeadh na ceachtanna a foghlaimíodh ar Phobal Cleachtais na gComhordaitheoirí Riachtanas Speisialta Oideachais agus ar Ghrúpa na dTreoirchomhairleoirí.<br>- Cuireadh Oifigeach um Rochtain agus Cuimsiú i bhfeidhm do chláir bhreisoideachais agus oiliúna. Is ról comhairleach a phléann le forbairt beartas agus nósanna imeachta é sin.<br>- Cuireadh tús le forbairt a dhéanamh ar struchtúr an Bhoird Oideachais agus Oiliúna do gach taca do mhic léinn ar fud breisoideachais agus oiliúna faoi thrí cheannteideal.<br>- Tacaí do Dhaoine faoi Mhíchumas<br>- Tacaí Acadúla<br>- Sláinte agus Folláine<br>- Cistiú inmheánach do Dhaoine faoi Mhíchumas chun Socruithe Réasúnacha a dhéanamh do mhic léinn agus foghlaimeoirí ar chláir bhreisoideachais agus oiliúna nach gcáilíonn do chistiú náisiúnta faoin gCiste do Mhic Léinn faoi Mhíchumas.<br>- Caighdeánaíodh an doiciméad um Measúnú ar Riachtanais ar fud breisoideachais agus oiliúna.<br>- Tá an tSeirbhís Litearthachta Aosach ag déanamh cur chun feidhme ar na treoirlínte ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh maidir le cuimsiú daoine faoi mhíchumas intleachta i seirbhísí litearthachta aosach.<br>- Thug teagascóirí Litearthachta Aosach tacaíocht do phrintísigh, do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí ar fud cláir bhreisoideachais agus oiliúna.<br>- Tá an tSeirbhís Litearthachta Aosach ag obair i gcomhpháirt le Siondróm Down Éireann chun 'Latch-on' (cúrsa Litearthachta agus Teicneolaíochta) a sholáthar i mBaile Loch Garman agus i gCathair Phort Láirge.<br>- D'fhorbair an tSeirbhís Litearthachta Aosach 'Clár Conairí', agus thosaigh sí ar é a thriail i nGuaire i mí Mheán Fómhair 2022 d'fhonn é a phríomhshruthú ar fud na seirbhísí. Is ionann an Clár Conairí agus clár dhá bhliain d'aosaigh óga a bhfuil Neamhord ar Speictream an Uathachais nó cineálacha eile néara- |

| | | |
|---|---|---|
| | | éagsúlachta orthu. Dírítear ann ar an dul chun cinn chuig an bhfostaíocht, chuig an mBreisoideachas, chuig an obair dheonach nó chuig rannpháirtíocht mhéadaithe sa phobal. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Bunaíodh aonad tacaíochta foghlama printíseachta in Ionad Oiliúna Phort Láirge, agus tá sé beartaithe aonaid den chineál céanna a bhunú i saoráidí nua oiliúna i bPort Láirge agus i Loch Garman araon sa bhliain 2023. |
| 1.2.9 | Baill foirne a spreagadh cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh i leith a chinntiú go bhfreastalaítear ar na cearta daonna agus na riachtanais chomhionannais atá ag foghlaimeoirí. | - Daingníodh an beartas trasch† oláiste Cuimsithe Scoile Uile i roinnt scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Leanadh le tacaíocht bhreise a thairiscint dóibh sin nár dhaingnigh an beartas go fóill.<br>- Ghlac dhá threoirscoil páirt sa tionscnamh um Chóitseáil Cuimsithe agus um Léarscáiliú Soláthair chun a chinntiú go nglactar cur chuige scoile uile i leith an tsoláthair.<br>- Chuathas i dteagmháil maidir leis an Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais a fhorbairt. |

| Tosaíocht Straitéiseach 1.3: Soláthar atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de, agus ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnúcháin a bheith ann i measc foghlaimeoirí | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 1.3.1 | Leanúint le tacaíocht a thabhairt do choláistí agus d'ionaid agus iad ag iarraidh cleachtas an-éifeachtach a fhorbairt, agus leas á bhaint as Tuairiscí Cigireachta agus as Tuairiscí Féinmheastóireachta Scoile, i gcomhar leis an doiciméad 'Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016'. | - Tugadh tacaíocht chun an teagasc agus an fhoghlaim a bhainistiú le linn phaindéim Covid-19 – cruthaíodh grúpaí Bainisteoirí agus Príomhoidí/Leas-Phríomhoidí Covid-19 chun tacú leis an bhfreagairt don ghéarchéim agus chun baill foirne a choinneáil cothrom le dáta faoi gach ní a bhaineann le paindéim Covid-19.<br>- Tacaíodh le scoileanna modhanna malartacha measúnaithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn a chomhlíonadh.<br>- Tairgfear inseirbhís shaincheaptha do na Treoirscoileanna sa Tionscnamh um Chóitseáil Cuimsithe agus um Léarscáiliú Soláthair chun gur féidir leo na Pleananna DEIS uathu a ailíniú leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile agus leis an bpróiseas um Léarscáiliú Soláthair.<br>- Tionóladh cruinnithe rialta le Bainisteoirí Covid-19, le Príomhoidí agus le Leas-Phríomhoidí ar fud na bliana 2022. |
| 1.3.2 | Pleanáil ábhair, Féinmheastóireacht Scoile agus pleanáil feabhsúcháin scoile a leabú i gcoláistí agus in ionaid. A chinntiú go gcomhlíonfar an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí le linn an dea-chleachtas a phleanáil agus a chur chun feidhme inár gcuid coláistí agus ionad. | - Tairgeadh inseirbhís shaincheaptha do na Treoirscoileanna sa Tionscnamh um Chóitseáil Cuimsithe agus um Léarscáiliú Soláthair chun gur féidir leo na Pleananna DEIS uathu a ailíniú leis an bpróiseas Féinmheastóireachta Scoile agus leis an bpróiseas um Léarscáiliú Soláthair. |
| 1.3.3 | Pleanáil do chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a fhorbairt trí chur chun feidhme a dhéanamh ar fhreagairt SOLAS don tuarascáil ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) (Staidéar ar an Soláthar don Chlár Iar-Ardteistiméireachta agus ar na Torthaí do Rannpháirtithe i gCláir Iar-Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta) agus iniúchadh a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtaí inar féidir le mic léinn Iar-Ardteistiméireachta na torthaí oideachais agus oiliúna is fearr is féidir a bhaint amach, lena n-áirítear dul chun cinn chuig an oideachas tríú leibhéal nó chuig an bhfostaíocht. | - Rinneadh athbhreithniú leantach/leanúnach ar an soláthar cúrsaí lánaimseartha Iar-Ardteistiméireachta ar leibhéal na scoile aonair.<br>- Tá sé beartaithe clár Iar-Ardteistiméireachta Choláiste Sheilsceire a athlonnú chuig Coláiste nua Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman i gCluain Ioraird, Baile Loch Garman. |
| 1.3.4 | Aonad um Dhearbhú Cáilíochta a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna chun tacú le forbairt cúrsaí, leis an nuálaíocht, le hanailísíocht sonraí agus le dearbhú cáilíochta ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tuarascáil Féinmheastóireachta Feidhmiúcháin agus Plean Feabhsúcháin Cáilíochta a ullmhú i gcomhar le QQI, ar nithe iad lena dtacófar le Bord Rialachais um Dhearbhú Cáilíochta a fhorbairt laistigh den Bhord Oideachais agus Oiliúna. Obair i gcomhar le comhlachtaí eile creidiúnúcháin amhail City & Guilds, Cidesco, Red Seal, etc., chun deiseanna nuálacha foghlama a fhorbairt. | - Thacaigh foireann Cáilíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le forbairt cúrsaí, leis an nuálaíocht, le hanailísíocht sonraí agus le dearbhú cáilíochta ar fud na gclár breisoideachais agus oiliúna uile. |

| Tosaíocht Straitéiseach 1.4: Naisc a chur chun cinn agus a bhunú idir an t-oideachas foirmiúil agus an t-oideachas neamhfhoirmiúil | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 1.4.1 | Plean Obair Óige a fhorbairt agus a chur chun feidhme trí phróifíl chuimsitheach a chur le chéile ar riachtanais na hóige agus trí struchtúr a fhorbairt le haghaidh seirbhísí obair óige a sholáthar ar bhealach comhtháite. | |
| 1.4.2 | Tacú le seirbhísí eile a sholáthar sna limistéir ina bhfuil an gá is mó leo agus ina bhfuil easpa seirbhísí ar fáil faoi láthair. | - Foilsíodh trí thuarascáil maidir leis an gcohórt atá catagóirithe mar dhaoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, ar nithe iad lena gcuirfear bonn eolais faoi obair amach anseo agus faoi bhunú Tascfhórsa chun tacú le daoine den sórt sin. |
| 1.4.3 | Samhail dea-chleachtais a fhorbairt, rud lena nasctar oideachas foirmiúil agus oideachas neamhfhoirmiúil (Tionscadail Chríochnaithe Scoile san áireamh) le chéile chun a chinntiú go nglacfar cur chuige iomlánaíoch i leith soláthar a dhéanamh do dhaoine óga, lena n-áirítear iad sin atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath. | - Cuireadh Grúpa Comhordúcháin UBU i bhfeidhm. |
| 1.4.4 | Leanúint le naisc a fhorbairt idir ár gcuid coláistí agus ionad agus Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Shíol Beagáin agus idir ár gcuid coláistí agus ionad agus an t-ionad beartaithe nua ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman. | - Ailíníodh comhairleoirí sinsearacha oiliúna an Aonaid um Sheirbhísí do Ghnó le gach Iar-bhunscoil agus le gach ionad breisoideachais agus oiliúna i bPort Láirge agus i Loch Garman araon. |
| 1.4.5 | Obair go gníomhach chun a chinntiú go n-imreoidh Giniúint Ceoil Loch Garman agus Giniúint Ceoil Phort Láirge tionchar bunathraitheach ar shaol na leanaí laistigh den phobal agus cláir taibhiú ceoil a leabú i gcoláistí agus ionaid de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | - Lean scoileanna de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le hobair go dlúth le foirne Ghiniúint Ceoil. |
| 1.4.6 | Le tacaíocht ón gclár 'Éire Ildánach' agus le treoir ó Chairt na nEalaíon san Oideachas (2013) ón Roinn Oideachais agus Scileanna, forbairt a dhéanamh ar chláir ina dtacaítear le hindibhidiúlacht, folláine agus cumas cruthaitheach daoine óga sa phobal. | - |

# Sprioc Straitéiseach 2

***Seirbhísí na hEagraíochta a fhorbairt:*** *Bainfear an sprioc seo amach trína chinntiú go ndéanfaimid na tacaí ceannaireachta, feidhmiúcháin agus riaracháin is airde cáilíocht a sholáthar d'fhórsa saothair atá inspreagtha agus ardoilte, agus eispéireas teagaisc agus foghlama ar ardchaighdeán á éascú d'fhoghlaimeoirí agus do mhic léinn.*

| **Tosaíocht Straitéiseach 2.1: Leanúint le struchtúr agus dearadh na heagraíochta a athchóiriú agus a fhorbairt** | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 2.1.1 | Ag teacht sna sála ar an bhfeidhm seirbhísí tacaíochta feidhmiúcháin a athstruchtúrú ar fud na gceithre eagraíocht chónasctha, féachaint leis an struchtúr reatha a dhaingniú agus baill foirne a chur i róil cheadaithe bhuana, ar feitheamh ceadú a fháil ón Roinn Oideachais le haghaidh an deartha athbhreithnithe eagraíochta. | - Cuireadh struchtúr nua acmhainní daonna i bhfeidhm.<br>- Thug an Roinn Oideachais tacaíocht bhreise Bainistíochta Tionscadal ar bhonn conarthach chun tacú le tionscadail tógála agus bhonneagair. |
| 2.1.3 | A chinntiú go gcuirfear feidhm cheadaithe TFC ar áireamh san eagraíocht chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí ceannródaíocha ar mhaithe le gnóthachtáil foghlaimeoirí a uasmhéadú agus nuachóiriú leanúnach a chur chun cinn ar fud na heagraíochta. | - Forbraíodh Straitéis TF ardleibhéil ar aon dul leis an Ráiteas Straitéise nua don tréimhse 2023-2027. |
| 2.1.4 | Tabhairt faoi 'Anailís ar Riachtanais Scileanna' le haghaidh na bhfeidhmeanna éagsúla laistigh d'eagraíocht oideachais agus oiliúna atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm agus plean a fhorbairt le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach agus fothú acmhainneachta. | - Sannadh buiséad le haghaidh Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil do gach ball foirne, ar aon dul leis an mbeartas agus na nósanna imeachta comhaontaithe Foghlama agus Forbartha Gairmiúla. |
| 2.1.5 | Forbairt a dhéanamh ar struchtúr comhordaithe do Bhreisoideachas agus Oiliúint agus ar Phlean Oibríochta gaolmhar, ar nithe iad lena dtacófar le feidhmeanna breisoideachais agus oiliúna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chomhtháthú, bunaithe ar chur chuige 'foirne' i leith cláir a sholáthar agus feabhas leanúnach a bhaint amach. | - Cuireadh struchtúr do bhreisoideachas agus oiliúint i bhfeidhm.<br>- Sceidealaíodh cruinnithe rialta de chuid na foirne breisoideachais agus oiliúna, agus comhtháthú á chothú laistigh den fhoireann. |

| Tosaíocht Straitéiseach 2.2: Gach samhail cistiúcháin agus íocaíochta a bhainistiú agus a úsáid go héifeachtúil | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 2.2.1 | Córais nua bogearraí cuntasaíochta a fhorbairt agus oiliúint chuí a chur ar bhainisteoirí agus ar bhaill foirne chun feabhas a chur ar thuairisciú bainistíochta airgeadais agus ar bhuiséadú airgeadais do choláistí. Tús áite a thabhairt do chórais íocaíochta ar líne a chur chun feidhme go luath agus chun uathoibriú a dhéanamh ar phróisis amhail íocaíochtaí párolla fostaithe páirtaimseartha agus íocaíochtaí taistil/cothaithe. | - Cuireadh baill foirne de chuid Ionad Oiliúna, Ionad VTOS agus Ionad Ógtheagmhála ar an gcóras DCS. Bogadh baill foirne de chuid an Ionaid Oideachais agus Oiliúna Allamuigh chuig an gcóras DCS freisin.<br>- Cuireadh Céim II de chur i bhfeidhm an chórais ó sholáthar go híoc, lenar áiríodh modúil soláthair agus ordaithe, i gcrích ina hiomláine.<br>- Nuashonraíodh cláir sócmhainní agus próiseáladh iad lena n-uaslódáil ar líne ar an gcóras ó sholáthar go híoc.<br>- Cuireadh an t-aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte le haghaidh Íocaíochtaí Foghlaimeoirí maidir le foghlaimeoirí Ógtheagmhála/VTOS i gcrích sa chéad/dara ráithe den bhliain 2022.<br>- Tacaíodh le Céim II den phróiseas um Fhoirmeacha Éilimh Ar Líne ó Mhúinteoirí Páirtaimseartha a chur i bhfeidhm sa dara ráithe den bhliain 2022.<br>- Cuireadh an t-ullmhúchán i gcrích don Aistriú ó Íocaíochtaí/Buiséadú SAP chuig SUN sa bhliain 2023. |
| 2.2.2 | Samhail cistiúcháin a fhorbairt do bhreisoideachas agus oiliúint, ar samhail í a bheidh ailínithe le ceanglais chistiúcháin SOLAS agus lena gcuirfear acmhainní cuí ar fáil do chláir agus, ar an mbealach sin, freastal ar na riachtanais atá ag foghlaimeoirí agus tuairisciú buiséadaithe agus bainistíochta níos fearr a sholáthar. | - Ullmhaíodh an cur chuige buiséadaithe do bhuiséadú SAP, agus athbhreithníodh é, chun ullmhú don aistriú chuig buiséadú SUN sa bhliain 2023.<br>- Ullmhaíodh do chur i bhfeidhm Chéim 2 chóras uathoibrithe tuairiscithe DEPM do Sheirbhísí Comhroinnte ESBS – tabharfar leis an Deais Breisoideachais agus Oiliúna faisnéis bheo buiséid agus tuairisciú achomair beo do bhainisteoirí. |
| 2.2.3 | Buiséadú comhtháite láraithe a bhaint amach ar fud gach cláir airgeadais. | - Cuireadh mórleabhar SunSystems V6 i bhfeidhm sa chéad ráithe den bhliain 2021, rud lena gcuirtear leis an obair a rinneadh i mblianta roimhe chun scoileanna agus ionaid a chumasú faireachán a dhéanamh ar bhuiséid ar bhonn fabhruithe agus tuarascálacha ar líne a fháil láithreach.<br>Tá scoileanna/ionaid in ann na tuarascálacha sin a úsáid anois de réir mar a chuirtear i bhfeidhm iad le linn Chéim II den chóras ó sholáthar go híoc. |

| Tosaíocht Straitéiseach 2.3: Leanúint le beartais a fhorbairt agus le hardchaighdeáin rialachais agus chomhlíonta a choinneáil ar bun | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 2.3.1 | Leanúint le tús áite a thabhairt don obair atá ar bun chun rialachas láidir a chur chun feidhme ar fud na heagraíochta ar mhaithe le comhlíonadh Chiorclán 18/15 (An Cód Cleachtais chun Boird Oideachais agus Oiliúna a Rialú) ón Roinn Oideachais agus Scileanna a bhaint amach agus chun ceanglais iniúchóireachta agus tuairiscithe (ceanglais ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, ceanglais ón Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí, etc.) a chomhlíonadh. | - Tugadh tús áite do rialachas láidir a chur chun feidhme ar fud gach leibhéil den Bhord Oideachais agus Oiliúna.<br>- Rinneadh athbhreithniú rialta ar rialuithe inmheánacha.<br>- Comhlíonadh ceanglais iniúchóireachta agus tuairiscithe.<br>- Cuireadh Clár Iniúchóireachta i bhfeidhm. |
| 2.3.2 | An lucht feidhmiúcháin a chur ag obair i gcomhar le Cathaoirleach an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun a chinntiú go mbeidh oiliúint, faisnéis agus doiciméadacht dhóthanach ag na comhaltaí de Bhord an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus dá choistí uile chun gur féidir leo cinntí eolacha a dhéanamh ar fheidhmeanna forchoimeádta. | - Tá oiliúint rialachais sceidealaithe do thús na bliana 2023. |
| 2.3.3 | Plean soláthair, bunachar sonraí conarthaí gaolmhara agus córas struchtúrtha bainistíochta conarthaí a bhunú agus a chur chun feidhme don eagraíocht ar mhaithe le luach ar airgead agus comhlíonadh na dtreoirlínte náisiúnta soláthair a chinntiú. | - Cuireadh Plean Soláthair Chorparáidigh i bhfeidhm.<br>- Cuireadh cleachtadh pleanála ilbhliantúla soláthair i gcrích. |

| Tosaíocht Straitéiseach 2.4: Struchtúir éifeachtacha bhainistíochta riosca a fhorbairt agus a chur chun feidhme | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 2.4.1 | Cultúr bainistíochta riosca a leabú laistigh den eagraíocht agus Foireann Bhainistíochta Riosca a bhunú a bheidh freagrach as an bPlean Gnó Bainistíochta Riosca agus tionscnaimh oiliúna bainistíochta riosca a fhorbairt agus as na Cláir Rioscaí don fheidhm chorparáideach, do choláistí agus do bhreisoideachas agus oiliúint a bhainistiú agus as tuairisc a thabhairt orthu. | - Cuireadh Plean Gnó Bainistíochta Riosca agus beartas bainistíochta riosca i bhfeidhm.<br>- Cuireadh Cláir Rioscaí i bhfeidhm. |
| 2.4.2 | Comhaontuithe Seirbhíse agus/nó Meabhráin Tuisceana atá bunaithe ar riachtanais náisiúnta agus áitiúla a fhorbairt i gcomhar leis na gníomhaireachtaí seachtracha lena dtéimid i dteagmháil i ndáil le cúrsaí airgeadais agus straitéiseacha. | - Síníodh meabhrán tuisceana idir an Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta agus UNECE.<br>- Cuireadh Comhaontú chun Comhoibriú i bhfeidhm le hIonaid Oiliúna Pobail, rud a comhaontaíodh ar an leibhéal náisiúnta. |
| 2.4.3 | Plean éifeachtach Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun feidhme don eagraíocht agus dul i dteagmháil lenár gcuid coláistí agus ionad agus lenár n-árachóirí chun riosca a íoslaghdú d'úsáideoirí, conraitheoirí agus custaiméirí ár n-eagraíochta. Tabharfar tús áite d'oiliúint a chur ar bhainisteoirí i réimsí na feasachta sláinte agus sábháilteachta agus an tsaineolais sláinte agus sábháilteachta. | - Sceidealaíodh oiliúint rialta do bhaill foirne i nithe Sláinte agus Sábháilteachta, lenar áiríodh oiliúint do Fhreagróirí Garchabhrach agus oiliúint do Mhaoir Dhóiteáin. |

| Tosaíocht Straitéiseach 2.5: Bonneagar agus foirgnimh: Pleanáil do riachtanais reatha agus do riachtanais amach anseo | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 2.5.1 | Foirgnimh scoile nua ar ardchaighdeán agus/nó síntí móra a sholáthar dóibh seo a leanas chun freastal ar riachtanais oideachais nua-aimseartha: Coláiste Sheilsceire; Coláiste Breisoideachais Phort Láirge; Coláiste Bhaile an Droichid; Gairmcholáiste Bhun Clóidí; Coláiste Pobail Naomh Pól; Coláiste Pobail Naomh Déaglán; Meánscoil San Nioclás; agus Coláiste Chathail Naofa. | - Coláiste an Átha – Cuireadh iarraidh ar bhuanchóiríocht faoi bhráid na Roinne Oideachais.<br>- Coláiste Abbáin – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh síneadh buan. Ceadaíodh foirgneamh modúlach mar réiteach eatramhach. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí chun an foirgneamh a sholáthar i mí Mheán Fómhair 2023.<br>- Coláiste Bhaile an Droichid – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a.<br>- Gairmcholáiste Bhun Clóidí – Chuaigh mórthionscadal trí phróiseas ceadaithe na Roinne agus ar aghaidh go Céim 2a – suiteáladh cóiríocht eatramhach (mhodúlach) chun an próiseas tógála a éascú.<br>- Coláiste Dhún Garbhán – Cuireadh tionscadal cóiríochta breise ar aghaidh.<br>- Coláiste Uí Chinnéide – Fuarthas réamhcheadú ón Roinn Oideachais le haghaidh cóiríocht bhreise.<br>- Meánscoil San Nioclás – Bhain tionscadal cóiríochta breise Céim 1b amach.<br>- Coláiste Pobail Naomh Déaglán – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Déanfaidh an Roinn Oideachais athbhreithniú deisce ar an láithreán. Soláthrófar cóiríocht bhreise mar thionscadal modúlach sa bhliain 2023.<br>- Coláiste Pobail Naomh Pól – Fuarthas réamhcheadú don iarraidh ar bhuanchóiríocht – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach idir an dá linn lena críochnú i bhfómhar na bliana 2023. Ceapadh foireann deartha agus conraitheoirí.<br>- Coláiste Sheilsceire – Ceadaíodh cóiríocht mhodúlach lena críochnú i mí Mheán Fómhair 2023 – Críochnaíodh athbhreithniú Chéim 1 ar mhórthionscadal do scoil nua 1,000 mac léinn. Táthar ag feitheamh cinneadh ón Roinn Oideachais maidir le conas ba cheart dul ar aghaidh.<br>- Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach – Bhí cóiríocht bhreise á tógáil lena críochnú i samhradh na bliana 2023. |
| 2.5.2 | Pleananna sonracha a fhorbairt chun an soláthar reatha agus an soláthar beartaithe a leagan amach do raon clár Breisoideachais agus Oiliúna, lena n-áirítear ionad Ógtheagmhála a fhorbairt i nGuaire agus saoráidí nua ilphléacs a fhorbairt i mBaile Loch Garman, i gCathair Phort Láirge agus in Inis Córthaidh. | - Cuireadh tionscadal Ionad Ógtheagmhála Ghuaire i gcrích.<br>- Coláiste Breisoideachais agus Oiliúna Loch Garman – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú sa dara ráithe den bhliain 2023.<br>- Techniform – Ionad Oiliúna Phort Láirge a shíneadh – Cuireadh tús le hobair ar an bhfoirgneamh a athchóiriú agus tá sé le críochnú ar bhonn céimnithe. Críochnófar céim 1 i samhradh na bliana 2023 agus críochnófar an tionscadal ar fad in earrach na bliana 2024. |

| | | |
|---|---|---|
| | | - Mol Bia Bhun Clóidí – Tá obair ar siúl ar an tsaoráid nua chistine a sholáthar, rud atá le críochnú in earrach na bliana 2023.<br>- Ionad Oideachais Aosach Thrá Mhór – Léasaíodh cóiríocht bhreise chun socrú a dhéanamh do sheirbhís leathnaithe sa bhliain 2023.<br>- Sainaithníodh áitreabh don tSaotharlann Déantúsaíochta i Lios Mór, Port Láirge, agus rinneadh iarratas ar cheadú le haghaidh léas a chomhaontú. |
| 2.5.4 | Ionad nua Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart, Carraig an Phoill, Loch Garman, i gcomhar le Comhairle Contae Loch Garman. | - Tá plé leanúnach ar siúl le Comhairle Contae Loch Garman maidir le hIonad nua Oideachais agus Oiliúna Allamuigh a fhorbairt ag Sliabh Fhothart agus maidir le Teach Bád gaolmhar a fhorbairt. |
| 2.5.5 | Obair i gcomhar le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh an Bhoird Oideachais agus Oiliúna chun tacú le straitéis éifeachtúlachta fuinnimh na hearnála poiblí.<br>Tús áite a thabhairt don aistriú i dtreo timpeallacht gan pháipéar. | - Tacaíodh le rannpháirtíocht scoileanna sa Chlár Forbartha Inbhuanaithe 'Take 1' atá á reáchtáil ag ETBI.<br>- Rinneadh iniúchtaí fuinnimh ar shampla d'ionaid mar bheart tosaigh.<br>- Laghdaíodh úsáid páipéir go mór mar gheall ar Phriontáil Bhainistithe a chur chun feidhme. |

# Sprioc Straitéiseach 3

***Ár mbaill foirne go léir a bheith ag obair le chéile:*** *Cruthófar timpeallacht dhearfach oibre ina rannchuidíonn baill foirne dhea-cháilithe a gcumas iomlán chun tairbhe do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí, agus aird chuí á tabhairt ar luachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Beidh sé sin bunaithe ar chultúr comhionannais, measa agus dínite san áit oibre, ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach, ar mheon an-dearfach, agus ar oscailteacht a léiriú i dtreo tuismitheoirí/caomhnóirí agus comhpháirtithe seachtracha comhoibríocha agus ar mheas a thabhairt orthu.*

| Tosaíocht Straitéiseach 3.1: Forbairt Ghairmiúil Leanúnach | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 3.1.1 | Beartas forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt don eagraíocht, rud lena dtacaítear le forbairt ghairmiúil na mball foirne i gcoitinne, lena dtugtar tús áite do na réimsí ina bhfuil an gá is mó agus lena n-áirítear teimpléad do phleananna oiliúna aonair. | - Cuireadh beartas Foghlama agus Forbartha Gairmiúla i bhfeidhm.<br>- Sannadh buiséad le haghaidh Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil do gach ball foirne. |
| 3.1.2 | Tús áite a thabhairt do dheiseanna forbartha gairmiúla a sholáthar do na baill foirne sin a bhfuil róil cheannaireachta agus/nó poist freagrachta acu laistigh den eagraíocht. Fothú agus forbairt a dhéanamh ar chumas na mball foirne a oibríonn leis na líonraí náisiúnta forbartha gairmiúla atá ar bun ag ETBI. | - Leanadh le fóram Leas-Phríomhoidí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt. Baineadh úsáid mhéadaithe as Microsoft Teams don Fhóram Leas-Phríomhoidí. Tagann na leas-phríomhoidí le chéile i bpearsa dhá uair sa bhliain acadúil anois.<br>- Reáchtáladh scoil samhraidh do mheáncheannairí in Ollscoil Luimnigh i mí an Mheithimh 2022.<br>- Pleanáladh forbairt ghairmiúil leanúnach do shealbhóirí an phoist mar Leas-Phríomhoide 1 i scoileanna (do laethanta sa bhliain 2023).<br>- Forbraíodh samhail chuí le haghaidh tathantóirí tionscnamh laistigh de scoileanna.<br>- Forbraíodh Pobail Chleachtais go leanúnach.<br>- Forbraíodh na róil atá ag foirne ardbhainistíochta laistigh de scoileanna.<br>- Bhí an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó i mbun pleanála sa bhliain 2022 do thionscadal Erasmus a chur chun feidhme sa bhliain 2023. |
| 3.1.4 | Cur chun cinn a dhéanamh ar na tacaí atá á gcistiú ag an Roinn Oideachais do mhúinteoirí agus don lucht bainistíochta scoile, e.g., an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí, agus ar na seirbhísí atá á soláthar ag an gComhairle Mhúinteoireachta, ag Ionaid Oideachais agus ag an Lárionad um Cheannaireacht Scoile. | - Leanadh le dul i dteagmháil leis an gComhairle Mhúinteoireachta de réir mar a cuireadh taighde i gcrích. Fadaíodh an creat ama mar gheall ar phaindéim Covid-19.<br>- Rinneadh cur chun cinn ar na tacaí atá ar fáil ón Lárionad um Cheannaireacht Scoile. |
| 3.1.8 | Cur chun cinn a dhéanamh ar chomhlíonadh ár gcroíluachanna in obair laethúil ár gcuid ball foirne agus braistint láidir bhróid as an eagraíocht a chothú i measc ár gcuid ball foirne agus mórphobal foghlama. | - Lean Comhordaitheoir Éitis an Bhoird Oideachais agus Oiliúna le Croíluachanna scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn.<br>- Seoladh Creat Pátrúin ETBI i mí na Samhna 2022.<br>- Scaipeadh an Nuachtlitir Foirne go rialta ar gach ball foirne, ina raibh scéalta agus faisnéis ó Scoileanna, ó Ionaid agus ó Oifigí.<br>- Reáchtáladh Dámhachtainí na gCuradh Seirbhíse do Chustaiméirí do gach ball foirne. |

| Tosaíocht Straitéiseach 3.2: Earcaíocht agus coinneáil ball foirne ar ardchaighdeán a éascú | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 3.2.1 | Gach próiseas earcaíochta a athbhreithniú agus córais agus próisis chuí a fhorbairt chun a chinntiú go mbíonn siad ag freastal ar riachtanais an Bhoird Oideachais agus Oiliúna (e.g., earcaíocht ar líne, fógraíocht thráthúil post). | - Athbhreithníodh gach cleachtas earcaíochta agus cuireadh próisis thráthúla, fógraíocht san áireamh, i bhfeidhm.<br>- Cuireadh tionscnaimh amhail iad seo a leanas chun feidhme:<br>➢ Próiseas iarrata ar líne le haghaidh folúntais a líonadh.<br>➢ An rianaire earcaíochta a nuashonrú.<br>➢ Doiciméadacht a nuashonrú. |
| 3.2.2 | Painéal limistéarbhunaithe 'fíor-ama' múinteoirí ionaid a fhorbairt agus a chothabháil. | - Tá painéal fíor-ama do mhúinteoirí i bhfeidhm anois, agus is féidir le bainisteoirí agus príomhoidí é a athbhreithniú go háitiúil nuair a thagann riachtanais chun cinn. |
| 3.2.4 | Straitéisí a chomhaontú le haghaidh múinteoirí a fhoinsiú agus a earcú i margadh fostaíochta a bhíonn ag éirí níos iomaíche i gcónaí, lena n-áirítear comhoibriú le Coláistí Oiliúna Múinteoirí. A chinntiú go mbeidh ag na baill foirne earcaithe an cumas agus an tsolúbthacht a theastaíonn chun cúraimí a chur i gcrích in áit oibre nua-aimseartha (e.g., scileanna TF, tras-scileanna) agus go n-urramóidh siad luachanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna, mar atá curtha in iúl sa Ráiteas Straitéise seo. | - Forbraíodh prótacail le haghaidh agallaimh thosaigh earcaíochta múinteoirí, lena n-áirítear treoirlínte maidir le ceisteanna a cheapadh lena léirítear na hinniúlachtaí a theastaíonn agus na croíluachanna atá ag scoileanna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |

| Tosaíocht Straitéiseach 3.3: Cultúr sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc baill foirne | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 3.3.1 | Tionscnaimh a fhorbairt chun cultúr sláinte agus folláine ag an obair a leabú. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt go gníomhach do gach ball foirne ina leith sin. Féachaint lena chinntiú go rannchuideoidh an timpeallacht fhisiciúil leis an bhfolláine ag an obair. | - Cuireadh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>- Seoladh tionscnaimh áitiúla ar leibhéal na Scoile, an Ionaid agus na hOifige chun tacú le folláine foirne. |
| 3.3.2 | Cur chun cinn a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do gach ball foirne leas a bhaint as seirbhísí comhairliúcháin, nuair is cuí, chun cabhrú leo déileáil le saincheisteanna deacra san áit oibre. | - Cuireadh an Clár Cúnaimh d'Fhostaithe chun cinn ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. |
| 3.3.3 | Léiriú intinne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chur chun feidhme chun tiomantas a léiriú don phrionsabal um chomhionannas agus cearta an duine a leabú ina chuid oibre. | - Bunaíodh Foireann Cur Chun Feidhme don Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais, rud a chuimsíonn ionadaithe ón Stiúrthóireacht um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta, ón Stiúrthóireacht Breisoideachais agus Oiliúna agus ón Stiúrthóireacht Scoileanna.<br>- Chomhlánaigh an tOifigeach um Rochtain agus Cuimsiú an tuarascáil ar an gcéad chéim den Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais a chur chun feidhme. |
| 3.3.4 | A chinntiú go mbeidh cláir bhliantúla phleanála scoir ar fáil do bhaill foirne agus a chinntiú go dtarlóidh sé, tar éis do bhaill foirne dul ar scor, go n-aithneofar an tseirbhís a rinne siad don eagraíocht. | - Sceidealaíodh cláir bhliantúla phleanála scoir agus tá siad ar fáil ar líne do bhaill foirne.<br>- Eagraíodh Searmanas Bliantúil Scoir do bhaill foirne ar scor. |
| 3.3.5 | Tionscnaimh agus gníomhaíochtaí a thabhairt isteach chun neartú foirne agus feasacht traseagraíochta a chur chun cinn ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta (e.g., an Cheolchoirm 'In Harmony' do Mhic Léinn agus Baill Foirne agus Comórtas Lúthchleasaíochta an Bhoird Oideachais agus Oiliúna). | - Tosaíodh ag pleanáil don Cheolchoirm 'In Harmony' 2024.<br>- Tosaíodh ag pleanáil don chomórtas trascholáiste Cluiche Corr, a bheidh ar siúl in earrach na bliana 2023. |

# Sprioc Straitéiseach 4

*Comhpháirtíochtaí buana agus comhoibriú buan a chothú agus a fhorbairt trí ionadaíocht a fháil ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil agus trí obair i gcomhar le comhlachtaí reachtúla, gníomhaireachtaí, leasanna gnó, ceardchumainn agus grúpaí pobail ábhartha agus leis an earnáil dheonach.*

| **Tosaíocht Straitéiseach 4.1: Leanúint le líonrú straitéiseach agus é a bhreisiú** | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 4.1.1 | Prótacail a fhorbairt le haghaidh dul i dteagmháil le ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, le húdaráis áitiúla, le comhlachtaí ionadaíocha d'fhostóirí agus d'fhostaithe, le ceardchumainn agus le geallsealbhóirí eile. | - Déantar ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar chuid mhór comhlachtaí, lena n-áirítear an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, an Chomhpháirtíocht Spóirt, an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, an Comhaontas Aoisbhá, Comhpháirtíocht Cleachtas Aisiríoch Loch Garman, an Líonra Seirbhísí do Leanaí agus don Teaghlach, IBEC, agus na Comhlachais Tráchtála ar fud Phort Láirge agus Loch Garman.<br>- Déantar ionadaíocht do scoileanna/coláistí ar Choiste Oideachais Chontae Loch Garman, ar tionscnamh oideachais é atá faoi stiúir ag Forbairt Áitiúil Loch Garman. Déanann an Stiúrthóir Scoileanna cathaoirleacht ar Choiste an Tionscadail 'Elevate'. |

| Tosaíocht Straitéiseach 4.2: Comhoibriú éifeachtach le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí reachtúla | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 4.2.1 | Comhoibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, le SOLAS, leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, leis an Roinn Coimirce Sóisialaí, le TUSLA, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais agus leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta chun a chinntiú go n-oibreoimid de réir an bheartais náisiúnta agus chun an chuid is fearr a bhaint as acmhainní ar mhaithe le misean an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a chomhlíonadh. | - Lean an Bord Oideachais agus Oiliúna le hoiliúint i bhFoirgnimh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh a stiúradh don earnáil foirgníochta. Ina theannta sin, trína chomhpháirtíocht le Comhairle Contae Loch Garman, chomhoibrigh an Bord Oideachais agus Oiliúna le UNECE mar chomhalta den Líonra Ionad Sármhaitheasa.<br>- Comhaltaí den Fhóram Réigiúnach Scileanna. |
| 4.2.2 | Comhoibriú go dlúth le Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus le Comhairle Contae Loch Garman araon chun ailíniú agus comhoibriú áitiúil agus réigiúnach a chinntiú i ndáil leis na tosaíochtaí áitiúla a thagann faoi shainchúram an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | - Tionóladh cruinnithe rialta le húdaráis áitiúla sa dá chontae.<br>- Rinneadh aighneachtaí maidir leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail a fhorbairt sa dá chontae.<br>- Comhaltaí den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil sa dá chontae.<br>- Comhaltaí den Fhóram Réigiúnach Scileanna. |
| 4.2.3 | Comhoibriú le fóraim réigiúnacha ábhartha chun rannchuidiú le forbairt leanúnach na hearnála oideachais agus oiliúna (e.g., Coistí Forbartha Pobail Áitiúil, Fóram Réigiúnach Scileanna an Oirdheiscirt agus Plean Gníomhaíochta an Oirdheiscirt do Phoist). | - Comhaltaí den Fhóram Réigiúnach Scileanna.<br>- Comhaltaí den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil sa dá chontae.<br>- Rinneadh ionadaíocht don Bhord Oideachais agus Oiliúna ar Bhord réigiúnach IBEC.<br>- Comhoibríodh go leanúnach le fóraim ábhartha.<br>- Ceapadh Comhordaitheoir Réigiúnach um Litearthacht Aosach don Saol i mí Dheireadh Fómhair 2022. Tá Comhghuaillíochtaí Réigiúnacha Litearthachta á mbunú anois. |
| 4.2.4 | Comhoibriú níos dlúithe a chothú agus a bhreisiú le hinstitiúidí tríú leibhéal, go háirithe Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, i nithe leasa fhrithpháirtigh, lena n-áirítear deiseanna dul chun cinn a chruthú do mhic léinn, acmhainní a chomhroinnt, agus réitigh a iniúchadh ar ghanntanais múinteoirí i réimsí ábhair áirithe. | - Tionóladh cruinnithe rialta chun iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ann obair le chéile chun cúrsaí a sholáthar.<br>- Reáchtáladh comhchúrsa idir Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus an Bord Oideachais agus Oiliúna sa bhliain 2022 maidir le hoibritheoirí a uasoiliúint i bpriontáil 3T agus i ríomhrialú uimhriúil.<br>- Breisíodh comhoibriú idir an Bord Oideachais agus Oiliúna agus Ollscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt maidir le hoiliúint múinteoirí.<br>- Méadaíodh comhoibriú le hOllscoil Teicneolaíochta an Oirdheiscirt agus leis an gCóras Oideachais Threasaigh. |

| Tosaíocht Straitéiseach 4.3: Comhoibriú éifeachtach le leasanna pobail agus gnó | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 4.3.1 | Dul go gníomhach sa tóir ar dheiseanna chun dul i dteagmháil leis an bpobal chun an Bord Oideachais agus Oiliúna a chur chun cinn mar phátrún ar Phobalscoileanna Náisiúnta ar fud an réigiúin. | - Leanadh leis an tsamhail Pobalscoileanna Náisiúnta a chur chun cinn agus le feasacht a mhúscailt uirthi.<br>- Cuireadh Pobalscoil Náisiúnta Chill na Manach chun cinn sna meáin áitiúla/ar ardáin meán sóisialta. |
| 4.3.3 | Fóram Tuismitheoirí an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a bhunú agus Comhairle Tuismitheoirí a bhunú i ngach coláiste de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ábhartha coláiste agus iad féin a imeascadh isteach sa phobal coláiste. | - Chuaigh an tSeirbhís Litearthachta Aosach i dteagmháil le coláistí a thairgeann cláir Foghlama Teaghlaigh do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí. |
| 4.3.4 | Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna atá ar fáil do choláistí tacú lena bpobail áitiúla trína gcuid foirgneamh agus saoráidí a chur ar fáil lena n-úsáid lasmuigh de ghnáthuaireanta coláiste (e.g., le haghaidh clubanna obair bhaile, grúpaí tuismitheoirí, etc.). | - Ghníomhaigh Coláiste Pobail Naomh Pól mar mhol do Ghiniúint Ceoil Phort Láirge.<br>- Ghníomhaigh Gairmcholáiste Bhun Clóidí mar mhol do Ghiniúint Ceoil Loch Garman. |
| 4.3.5 | Comhoibriú le leasanna gnó agus tionscail, lena n-áirítear IBEC, Comhlachais Tráchtála, Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann, Comhghuaillíocht Rotary, SICAP, LEADER, Seirbhísí Óige agus eagraíochtaí spóirt chun ábharthacht ár gclár oideachais agus oiliúna a chinntiú agus chun deiseanna a thabhairt do mhic léinn agus d'fhoghlaimeoirí. | - Tá an Bord Oideachais agus Oiliúna ina chomhalta de IBEC agus de na Comhlachais Tráchtála ar fud an dá chontae.<br>- Rinne an tAonad um Sheirbhísí do Ghnó teagmháil leanúnach le grúpaí gnó agus tionscail.<br>- Soláthraíodh an clár um Scileanna don Obair tríd an tSeirbhís Litearthachta Aosach. |

# Sprioc Straitéiseach 5

*Cumarsáid éifeachtach inmheánach agus sheachtrach a fhorbairt. Bainfear an sprioc seo amach trí ráiteas soiléir a dtacóidh Foireann Cumarsáide thiomnaithe leis a leagan síos, trí acmhainní cuí a sholáthar agus trí bhranda an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fhorbairt agus feasacht a mhúscailt air.*

| **Tosaíocht Straitéiseach 5.1: Faisnéis atá spriocdhírithe, cruinn, soiléir agus comhsheasmhach a sholáthar ar bhealach tráthúil** | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 5.1.1 | Struchtúr cumarsáide a chur chun feidhme, lena n-áirítear grúpa stiúrtha agus comhordaitheoir cumarsáide a thacóidh leis an straitéis cumarsáide. | - Cuireadh Grúpa Stiúrtha Cumarsáide i bhfeidhm agus tháinig sé le chéile go rialta.<br>- Cuireadh foireann cumarsáide i bhfeidhm. |
| 5.1.2 | Na hacmhainní riachtanacha a sholáthar chun tacú leis an straitéis cumarsáide, lena n-áirítear oiliúint agus tacaíocht airgeadais. | - Sannadh buiséad Cumarsáide agus Margaíochta. |
| 5.1.3 | Plean Cumarsáide Bliantúil a fhorbairt, rud a bheidh nasctha leis na cuspóirí straitéiseacha. | - Cuireadh Plean Cumarsáide Bliantúil i bhfeidhm. |
| 5.1.4 | Sásraí a fhorbairt le haghaidh aiseolas a lorg ó fhoghlaimeoirí, ó bhaill foirne agus ó gheallsealbhóirí seachtracha agus le haghaidh freagairt don aiseolas sin. | - Bunaíodh Grúpa um Ghuth na bhFoghlaimeoirí don Bhord Oideachais agus Oiliúna.<br>- Éascaíodh Fóram Foghlaimeoirí Aontas. |
| 5.1.5 | Suíomh Gréasáin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna agus suíomhanna Gréasáin na gcoláistí/na n-ionad a chaighdeánú agus an t-inneachar ar an suíomh Gréasáin agus sna meáin shóisialta a bhainistiú chun a chinntiú go mbeidh sé cothrom le dáta agus ar ardchaighdeán. | - Forbraíodh suíomh Gréasáin nua don Bhord Oideachais agus Oiliúna, rud a sheolfar sa bhliain 2023. |
| 5.1.6 | Teicneolaíochtaí nuálacha cuí a úsáid, lena n-áirítear na meáin shóisialta, le haghaidh cumarsáid thapa éifeachtach. | - Cuireadh oiliúint LinkedIn i gcrích don fhoireann bhainistíochta breisoideachais agus oiliúna. |

| Tosaíocht Straitéiseach 5.2: Sásraí níos éifeachtaí cumarsáide inmheánaí a fhorbairt | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 5.2.1 | Suíomh Inlín a fhorbairt le haghaidh faisnéis foirne agus comhroinnt eolais. | - Forbraíodh suíomh Inlín don fhoireann ar fad. Sainaithníodh cruthaitheoirí inneachair do leathanaigh Inlín. |
| 5.2.5 | Braistint láidir phobail a chothú i measc bhaill foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna. | - Cothaíodh cultúr comhoibrithe trí na Pobail Chleachtais.<br>- Leanadh le cruinnithe rialta a chur ar siúl do Phobail Chleachtais agus le seisiúin faisnéise rialta a chur ar siúl do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí.<br>- Scaipeadh Nuachtlitir Foirne an Bhoird Oideachais agus Oiliúna go rialta ar gach ball foirne.<br>- Tionóladh cruinnithe rialta de chuid an Fhóraim Breisoideachais agus Oiliúna.<br>- Rinneadh ullmhúcháin do 'Lá na mBord Oideachais agus Oiliúna', an chéad cheann dá leithéid, a cheiliúradh sa chéad ráithe den bhliain 2023.<br>- Dámhachtainí na gCuradh Seirbhíse do Chustaiméirí. |
| 5.2.6 | Coincheap an phobail a chothú i measc foghlaimeoirí, go háirithe ár gcuid foghlaimeoirí aosacha atá páirteach i ngrúpaí ranga beaga. | - Leanadh le Croíluach an *Phobail* de chuid ETBI a chur chun cinn ar fud gach scoile de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna trí chreat an Phátrúin a chur i bhfeidhm.<br>- Reáchtáil an Bord Oideachais agus Oiliúna an tSeachtain um Chroíluachanna a Cheiliúradh sa bhliain 2022.<br>- Forbraíodh Féilire Éagsúlachta um Rochtain agus Cuimsiú, rud inar léiríodh laethanta agus deiseanna suntasacha le haghaidh ceiliúradh. Tá an Féilire ar fáil ar an Mol Foirne.<br>- Áirithíodh Cistiú Laethanta Forbartha Mac Léinn ón Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh le haghaidh imeachtaí deireadh bliana a reáchtáil do sheirbhísí litearthachta, áit ar tugadh na foghlaimeoirí litearthachta uile le chéile<br>- Ceiliúradh seachtain Foghlaimeoirí Aosacha Aontas in ionaid bhreisoideachais agus oiliúna agus trí mhaidineacha caife, trí imeachtaí agus trí ócáidí ceiliúrtha. |

| Tosaíocht Straitéiseach 5.3: Sásraí níos éifeachtaí cumarsáide seachtraí a fhorbairt. | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 5.3.2 | Liosta iomlán a chur le chéile de na cúrsaí uile atá ar fáil agus a chinntiú go nuashonrófar an liosta sin de réir mar is gá agus gur féidir é a rochtain go héasca ar líne. | - Tá gach cúrsa de chuid an Bhoird Oideachais agus Oiliúna ar fáil ar FETCH. |

| Tosaíocht Straitéiseach 5.4: Brandáil agus margaíocht an Bhoird Oideachais agus Oiliúna a fheabhsú. | | |
|---|---|---|
| | **Gníomhartha Straitéiseacha** | **Torthaí sa bhliain 2022** |
| 5.4.2 | Féiniúlacht branda láidir a chruthú don eagraíocht, agus tacar treoirlínte branda ag gabháil léi. | - Forbraíodh treoirlínte branda agus scaipeadh iad ar bhainisteoirí ar fud an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.<br>- Tugadh faoi thionscadal comharthaíochta seachtraí chun gach comhartha scoile a uasghrádú. |

## Aguisín 1: Acrainmneacha

**BOM:** Bord Bainistíochta
**BTEI:** An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas
**CNS:** Pobalscoil Náisiúnta
**CPD:** Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
**CPOR:** Tuarascáil Maoirseachta um Chosaint Leanaí
**CPP:** Plean Soláthair Chorparáidigh
**CTCanna:** Ionaid Oiliúna Pobail
**CYPSC**: Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga
**RLCMLÓ:** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
**DCU:** Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
**DEIS:** Comhionannas deiseanna a sholáthar i scoileanna
**EROC:** Ionad Fáiltithe agus Treoshuímh Éigeandála
**ESF:** Ciste Sóisialta na hEorpa
**ESOL:** Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile
**FAR**: Iarraidh ar Leithdháileadh Cistiúcháin
**FET:** Breisoideachas agus Oiliúint
**FETC:** Ionad Breisoideachais agus Oiliúna
**H&S:** Sláinte agus Sábháilteacht
**HPBA:** An Chomhghuaillíocht um Fhoirgnimh Ardfheidhmíochta
**IAU:** An tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí
**IBEC:** Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann
**TFC:** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
**LCDC:** Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
**LTInna:** Tionscnaimh Áitiúla Oiliúna
**LYCGS:** An Scéim Deontais le haghaidh Clubanna Óige Áitiúla
**MAEDF:** An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú
**MAPP:** Pleanáil Ilbhliantúil Soláthair
**MOU:** Meabhrán Tuisceana
**NIPT:** An Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí
**NZEB:** Foirgneamh Nach Mór Neodrach ó Thaobh Fuinnimh
**OETC:** Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh
**PLC:** An Iar-Ardteistiméireacht
**PLD:** Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil
**PMDS:** Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta
**QQI:** Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
**RP:** Cleachtas Aisiríoch
**SEAI:** Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
**SEN:** Riachtanais Speisialta Oideachais
**SENCO:** Comhordaitheoir Riachtanas Speisialta Oideachais
**SICAP:** An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail
**SMT:** Foireann Ardbhainistíochta
**SNA:** Cúntóir Riachtanas Speisialta
**STEM:** Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
**STEAM:** Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht, Ealaíona agus Matamaitic
**STPanna:** Soláthraithe Sainoiliúna
**VTOS:** An Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais
**WIT:** Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge

Waterford and Wexford
Education and Training Board
Ardcavan Business Park
Ardcavan
Wexford
Y35 P9EA
Phone: 053 9123799

Bord Oideachais agus Oiliúna
Phort Láirge agus Loch Garman
Páirc Gnó Ard Chaomháin
Ard Chaomháin
Loch Garman
Y35 P9EA
Fón: 053 9123799